



wwetb

Bord Oideachais agus Oiliúna
Phort Láirge agus Loch Garman
*Waterford and Wexford
Education and Training Board*

Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

PLEAN SEIRBHÍSE 2026

Clár Ábhair

1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman	3
2. Brollach ón bPríomhfheidhmeannach.....	4
3. Próifil/Cúlra WWETB.....	5
3.1 Léarscáil Gheografach de WWETB.....	6
3.2 Láthair Sheirbhísí WWETB.....	6
3.3 An tEolas is deireanaí ar an Staid Réigiúnach.....	8
4. Ráiteas Straitéise	9
4.1 Fís agus Misean.....	9
4.2 Spriocanna Straitéiseacha WWETB.....	9
4.3 Forálacha maidir le Cur i bhFeidhm agus Faireachán.....	12
5. Forbhreathnú ar Sheirbhísí 2025.....	14
5.2 Breisoideachas agus Oiliúint (Teastas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)	16
5.3 Gnóthaí Obair Óige	18
5.4 Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta.....	18
6. Ráiteas faoi Sheirbhísí sa bhliain 2026.....	20
Sprioc Straitéiseach 1:	25
Cáilíocht	25
Sprioc Straitéiseach 2:	42
Scoilanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí	42
Sprioc Straitéiseach 3:	50
Cumarsáid agus Margaíocht	50
Sprioc Straitéiseach 4:	53
Sláinte agus Folláine	53
Sprioc Straitéiseach 5:	62
Gníomhú ar son na hAeráide agus na hInbhuanaitheachta.....	62
Sprioc Straitéiseach 6:	73
Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/Foghlaim Dhigiteach.....	73
Fáltais agus Caiteachas Réamh-mheasta sa bhliain 2025.....	78
7. Plean Seirbhíse Breisoideachais agus Oiliúna	85
Forbhreathnú ar Bhreisoideachas agus Oiliúint in WWETB	85
Tosaíochtaí Breisoideachais agus Oiliúna in 2026.....	85
Leithdháileadh Maoinithe do 2026.....	87

1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman



Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (WWETB), tá lúcháir orm Plean Seirbhíse WWETB don bhliain 2026 a chur i láthair. Le bliain anuas, lean ár mBord, ag obair go dlúth leis an bhFeidhmeannas, de threoir sheasta a sholáthar agus na tosaíochtaí atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2023 -2027 á gcur chun cinn againn. Chabhraigh an cheannaireacht seo lena chinntiú go bhfuil WWETB dírithe ar an obair i gcónaí, go bhfuil sé comhsheasmhach ó thaobh cuspóra de, agus go bhfuil sé in áit mhaith chun tacú le foghlaimeoirí agus le pobail ar fud Phort Láirge agus Loch Garman.

Leagtar béim láidir i bPlean Seirbhíse 2026 ar sheachadadh. Tugann sé breac-chuntas ar na príomhghníomhartha atá againn don bhliain amach romhainn agus sinn fós tiomanta do dheiseanna oideachais agus oiliúna atá ar ardchaighdeán, cuimsitheach agus nuálach a chur ar fáil ar fud Phort Láirge agus Loch Garman. Cé go soláthraíonn an plean treo soiléir, tá WWETB lúfar agus freagrúil i gcónaí, rud a chinntíonn gur féidir leis leanúint ar aghaidh ag freastal ar riachtanais athraitheacha ár bhfoghlaimeoirí, ár bpobal agus an réigiúin i gcoitinne.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas an Bhoird, a dtacaíonn a cheannaireacht leanúnach lenár n-uaimhian agus lenár ndul chun cinn. Gabhaim buíochas ó chroí chomh maith lenár bhfoireann agus leis an iliomad comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara a chuireann gan stad gan staonadh lenár gcuid oibre. Le chéile, táimid dírithe i gcónaí ar sheirbhísí oideachais fiúntacha ardtionchair a sholáthar a thacaíonn leis an bhfoghlaim, leis an bhfás agus leis an deis ar fud ár bpobail.

An Clr Lola O'Sullivan
Cathaoirleach

2. Brollach ón bPríomhfheidhmeannach



Tá áthas orm Plean Seirbhíse WWETB 2026 a chur i láthair. Cé go leanann an Plean Seirbhíse de cheanglais reachtúla Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013 a chomhlíonadh, tá ról ríthábhachtach aige chomh maith agus sinn ag díriú ar chur i bhfeidhm ár Ráiteas Straitéise cúig bliana (2023-2027).

Agus an straitéis ag bogadh go céim aibí anois, beidh comhdhlúthú, seachadadh agus dul chun cinn infheicthe i gceist le 2026 ar fud ár réimsí tosaíochta go léir: Cáilíocht, Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí, Cumarsáid agus Margaíocht, Sláinte agus Folláine, Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, agus Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/Foghlaim Dhigiteach. Tá na colúin seo leabaithe go daingean anois i bpleanáil agus i gcultúr oibríochtúil na heagraíochta, ag treorú na gcinntí agus na bhforbairtí a mhúnlóidh ár dtodhchaí.

Tá ár mBord, atá i bhfeidhm ó 2024 i leith, seanbhunaithe anois agus leanann sé de mhaoirseacht, treoir agus tacaíocht láidir a sholáthar agus sinn ag obair le chéile chun ár n-uaimhianta straitéiseacha a bhaint amach.

Le bliain anuas, tháinig athruithe ar ár bhfoireann cheannaireachta shinsearach chomh maith. Táim buíoch as an méid a rinne Alan Quirke agus Lindsay Malone a d'imigh in 2025 tar éis dóibh tacú le forbairt agus claochlú suntasach eagraíochtúil. Chuir a gcuid oibre go léir leis an mbunsraith láidir lena gcuirimid anois.

Ag féachaint chun cinn, cuireann 2026 deiseanna nua spreagúla i láthair. Ina measc, tá ár gcuid oibre comhoibríoch le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt maidir le campas treasach nua a fhorbairt do Loch Garman- tionscadal a bhfuil sé de chumas aige rochtain oideachais, píblínte scileanna réigiúnacha agus forbairt eacnamaíoch a athrú ar fud an oirdheiscirt. Leanfaimid ar aghaidh ag cur an tionscnaimh seo chun cinn i rith na bliana, ag cinntiú go bhfuil pleanáil, comhairliúchán agus struchtúir chomhpháirtíochta i bhfeidhm go daingean chun tacú lena bhaint amach go rathúil.

Tá ár gcroíluachanna - Meas, Cuntasacht, Cáilíocht, Inbhuanaitheacht agus Dírithe ar an bhFoghlaim - fós lárnach sa chultúr atá á chothú againn. Treoraíonn siad an chaoi a n-oibrímid, an chaoi a dtreoraímid, agus an chaoi a ndéanaimid seachadadh dár bhfoghlaimoirí agus dár bpobail.

Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann uile WWETB as a dtiomantas, a ngairmiúlacht agus a dtiomantas do shármhaitheas ar fud ár seirbhísí go léir. Neartaítear ár gcuid oibre leis na comhpháirtíochtaí luachmhara a choinnímid le heagraíochtaí, pobail agus páirtithe leasmhara ar fud Phort Láirge agus Loch Garman, agus táimid ag tnúth leis na comhoibrithe sin a dhoimhniú sa bhliain amach romhainn.

Agus sinn ag dul isteach in 2026 le straitéis aibí, le struchtúr láidir rialachais, agus le heagraíocht atá dírithe go hiomlán ar sheachadadh agus ar dhul chun cinn, táim muiníneach go leanfaimid ar aghaidh ag cur lenár n-éachtaí agus ag tapú na ndeiseanna atá romhainn.

Karina Daly

An Dr Karina Daly
Príomhfheidhmeannach

3. Próifíl/Cúlra WWETB

Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (WWETB) ar an 1ú Iúil 2013. Rinne sé Ionaid Oiliúna SOLAS i bPort Láirge agus i Loch Garman a ghlacadh go hoifigiúil isteach ina chuid seirbhísí an 1ú Iúil 2014. Tá raon cuimsitheach seirbhísí oideachais agus oiliúna á soláthar ag WWETB ar fud Phort Láirge agus Loch Garman ó shin i leith agus tá sé ar an soláthraí oideachais agus oiliúna is mó ar fud an dá chontae, ag gníomhú dó trí Bhunscoileanna, trí Choláistí Dara Leibhéal, trí Choláistí Breisoideachais, trí Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna, trí Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh agus trí Sheirbhísí Óige a sholáthraíonn cláir oideachais agus oiliúna. Agus 1746 ball foirne aige, is mórfhostóir san Oirdheisceart é WWETB freisin agus tá bród air as a bheith ina fhostóir tarraingteach d'fhostaithe ionchasacha.

I Ráiteas Straitéise WWETB 2023-2027, leagtar amach na croíluachanna seo a leanas:

Croíluachanna		
Meas	An chiall atá leis	An dóigh a gcuirtear an luach i bhfeidhm
	Caithimid le gach duine eile sa dóigh a mbeimis ag súil leis go gcaithfí linn féin, déanaimid talamh slán de go mbíonn intinn dhearfach ag daoine, agus caithimid le gach duine ar bhealach cothrom agus le cúirtéis.	Léirimid meas ar an éagsúlacht, léirimid comhbhá agus cothroime, aithnímid iarrachtaí, agus caithimid go cothrom le gach duine.
Cuntasacht	Glacaimid cuntasacht iomlán le linn dúinn freagrachtaí tarmlichte ár ról a chomhlíonadh agus ceanglaímid orainn féin agus ar na daoine a n-oibrímid leo cloí leis na caighdeáin ghairmiúla is airde.	Bímid gairmiúil agus féachaimid le dea-thorthaí a bhaint amach ar bhealach oscailte, macánta agus trédhearcach.
Díriú ar an bhFoghlaim	Cuirimid an foghlaimoir i gcoilár gach a ndéanaimid.	Bímid cuimsitheach, tacúil, measúil, sofhreagrach, nuálach agus comhbhách
Cáilíocht	Táimid tiomanta seirbhísí a sholáthraímid a fheabhsú go leanúnach. Déanaimid athbhreithniú agus faireachán ar sholáthar ár seirbhísí in aghaidh na gcaighdeán is airde dúinn féin agus do dhaoine eile agus iad ag iarraidh cumas an fhoghlaimeora a uasmhéadú.	Féachaimid lena bheith inár gceannairí, leagaimid ionchais níos airde orainn féin, bímid tiomanta agus gairmiúil, agus dírimid ar thorthaí.
Inbhuanaitheacht	Déanaimid ár ndícheall athrú iompraíochta a spreagadh agus inbhuanaitheacht a leabú sa chaoi a múintear agus sa chaoi a n-oibrímid.	Oibríonn baill foirne agus foghlaimoirí le chéile chun an inbhuanaitheacht a leabú i ngach rud a ndéanaimid – i dtreo todhchaí níos fearr do chách.

I ndiaidh na dtoghchán áitiúla sa samhradh in 2024, toghadh Bord nua do WWETB chun obair WWETB a stiúradh sna cúig bliana atá romhainn.

Bhí an chéad chruinniú ag Bord reatha WWETB i Meán Fómhair 2024 tar éis 21 ball a bheith tofa, ionadaithe ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge san áireamh mar aon le hionadaithe ó Chomhairle Contae Loch Garman, ionadaithe foirne agus tuimitheora agus roinnt ionadaithe ó chomhlachtaí leagtha síos ag an Roinn Oideachais. Tar éis don Bhord nua a bheith tofa, cuireadh tús le hoiliúint maidir le rialachas do gach ball den Bhord nua agus do bhaill de na Coistí Alt 44 agus 45.

3.1 Léarscáil Gheografach de WWETB



3.2 Láthair Sheirbhísí WWETB

Láithreacha WWETB 2026
Pobalscoil Náisiúnta
Scoil Náisiúnta Pobail Chill na Manach, Loch Garman
Scoil Speisialta
Cnoc Ghuaire, Co. Loch Garman
Iar-Bhunoideachas agus Oideachas Iar-Ardteistiméireachta
Coláiste Bhaile an Droichid, Loch Garman

Gairmcholaíste Bhun Clóidí, Co. Loch Garman
Coláiste Abbáin, Maigh Arnaí, Co. Loch Garman
Coláiste an Átha, Cill Mhucraise, Co. Loch Garman (IAT san áireamh)
Coláiste Creagh, Guaire, Co. Loch Garman
Coláiste Dhún Garbhán - Coláiste Dhún Garbhán (IAT san áireamh)
Coláiste Pobail Inis Córthaidh, Co. Loch Garman (IAT san áireamh)
Coláiste Uí Chinnéide, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman
Meánscoil San Nioclás, Port Láirge
Coláiste Sheilsceire, Baile Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)
Coláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge
Coláiste Pobail Naomh Pól, Port Láirge
Coláiste Breisoideachais Phort Láirge *Oideachas Iar-Ardteistiméireachta Amháin*
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna*
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cheapach Choinn, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhún Garbhán, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chúirt Durand, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Inis Córthaidh, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire, Loch Garman
An tSaotharlann Déantúsaíochta, Inis Córthaidh, Loch Garman
An tSaotharlann Déantúsaíochta, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Choill Mhic Thomáisín, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Lios Mór, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Naomh Mícheál, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
An Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh, Inis Córthaidh, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shráid Ozanam, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Chearnóg an Iarnróid, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Sheandún, Dún Garbhán, Port Láirge
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thrá Mhór, Port Láirge
Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman, An Muileann Bán, Loch Garman
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire, Loch Garman
Ionaid Oiliúna

Ionad Oiliúna Chill Chuacháin, Port Láirge
Ionad Oiliúna Phort Láirge
Ionad Oiliúna Loch Garman, Loch Garman
Oideachas agus Oiliúint Allamuigh
Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Bhun Clóidí, Mol Eachtraíochta, Loch Garman
Mol Eachtraíochta WWETB Dhún Garbhán, Port Láirge
Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin, Loch Garman
Ionaid Ógtheagmhála
Ógtheagmháil Dhún Garbháin, Port Láirge
Ógtheagmháil Inis Córthaidh, Loch Garman
Ógtheagmháil Ghuaire, Loch Garman
Ógtheagmháil Ros Mhic Thriúin, Loch Garman
Ionad Ógtheagmhála Subla, Cathair Phort Láirge
Ionad Ógtheagmhála Thrá Mhór
Ógtheagmháil Phort Láirge
Ógtheagmháil Loch Garman
Oifigí Riaracháin
Ard Chaomháin, Loch Garman
Dún Garbhán, Port Láirge
Ionad Oiliúna Phort Láirge
Pobalscoileanna (a bhfuil WWETB mar chomhphátrún orthu)
Scoil Phobail na hAbhann Duibhe, An Lios Mór, Port Láirge
Scoil Phobail Ghuaire, Loch Garman
Scoil Phobail na Gráinsí, Loch Garman

* Is féidir go n-áireofar le hIonaid Bhreiseoideachais agus Oiliúna cláir de chuid na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir Litearthachta Aosach, cláir Oideachais Pobail agus cláir do Dhídeanaithe/Iarrthóirí tearmainn

3.3 An tEolas is deireanaí ar an Staid Réigiúnach

Sa Ráiteas Straitéise WWETB 2023-2027 leagtar amach ár dtosaíochtaí don fhorbairt. D'éirigh linn maoiniú a fháil do mhórtionscadail bhonneagair i bPort Láirge agus i Loch Garman, lena n-áirítear foirgneamh nua le haghaidh cearpantóireachta agus siúinéireachta i gcampas Ionad Oiliúna Phort Láirge atá le críochnú in 2026. In 2025 chomh maith, d'oscail WWETB céim 2 d'fhoirgneamh 2 ar Champas Ionad Oiliúna Phort Láirge. Freastalóidh na foirgnimh seo ar líon méadaithe cúrsaí agus foghlaimeoirí i bprintíseachtaí, cúrsaí oiliúna, iarfheistiú agus go leor cúrsaí eile chun tacú le huasoiliúint réigiúnach. Beidh caighdeán na n-áiseanna a chuirtear ar fáil dár mic léinn agus dár bhfoghlaimeoirí ag feabhsú i gcónaí agus sinn ag infheistiú inár mbonneagar.

Tá WWETB tiomanta dá fhreagrachtaí maidir le fuinneamh agus laghdú carbóin faoi 2030 agus tá maoiniú faighte aige do roinnt tionscadal éifeachtúlachta fuinnimh in 2026.

In 2025 sheol Port Láirge a stádas mar Chathair Foghlama UNESCO go hoifigiúil, rud a léiríonn céim mhór i dtiomantas seanbhunaithe an réigiúin d'fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus do chuimsiú oideachais. Tá WWETB bródúil as comhoibriú a dhéanamh ar an tionscnamh seo le príomhpháirtithe, Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, a stiúir an tionscnamh le chéile. Oibríonn an Bord Oideachais agus Oiliúna i

gcomhpháirt lena lán tionscal sa réigiún freisin, agus tá na comhpháirtíochtaí sin ag dul ó neart go neart.

Tá na mórthionscadail oideachais agus bhreisoideachais agus oiliúna seo a leanas mar thosaíocht ag WWETB go fóill:

- Campas nua oideachais i mBaile na Gaoithe, Baile Loch Garman agus scoil ionaid nua 1,000 dalta do Choláiste Sheilsceire agus bunscoil Ag Foghlaim Le Chéile ina mbeidh 16 sheomra ranga, agus sainsaoraidí Riachtanas Speisialta Oideachais sa dá scoil.
- Mórshintí a chur le Gairmcholáiste Bhun Clóidí agus le Coláiste Bhaile an Droichid.
- Tionscadail chóiríochta mhórsála nua do Choláiste Abbáin i Maigh Arnaí, do Choláiste an Átha i gCill Mhucraise, do Choláiste Pobail Naomh Déaglán i gCoill Mhic Thomáisín, do Choláiste Pobail Naomh Pól i gCathair Phort Láirge, do Mheánscoil San Nioclás ar an Rinn agus do Choláiste Dhún Garbhán.
- Pleanáil do Choláiste Breisoideachais agus Oiliúna i gCathair Phort Láirge. Beidh sé lonnaithe ag an láithreán reatha de chuid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt (OTOD) ar Bhóthar an Choláiste nuair a bheidh Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt imithe ón láithreán.
- Pleanáil chun ionad úrscothach d'Fhoirgnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh agus cláir eile scileanna glasa – e.g. scileanna teaschaidéil agus aerála – i gcomhar le Comhairle Contae Loch Garman agus leis an gComhghuaillíocht um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta.
- Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin a athlonnú go dtí Sliabh Fhothart do ghníomhaíochtaí agus oiliúint uiscebhunaithe.
- Pleananna a chur chun cinn chun campas treasach nua a fhorbairt le OTOD ar champas comhroinnte ag Baile na Gaoithe, Loch Garman.

4. Ráiteas Straitéise

4.1 Fís agus Misean



FÍS

Is í aidhm Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman an fhoghlaim a threorú trí sheirbhísí oiliúna ardchaighdeán, ionchuimsitheach, freagrach agus nuálaíoch a sholáthar dár bpobal.



MISEAN

Is é misean WWETB réimse clár oideachais agus oiliúna, seirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthar do pháistí, do dhaoine óga agus fásta ar fud réigiún Phort Láirge-Loch Garman.

4.2 Spriocanna Straitéiseacha WWETB

Sa Ráiteas Straitéise seo, leagtar amach 6 phríomhspríoc straitéise agus réimse tosaíochtaí agus gníomhartha a bheidh ina dtreoir d'obair na heagraíochta chun fís agus misean na heagraíochta a fhíorú.

Agus ár spriocanna straitéiseacha á gcur le chéile againn, bhreathnaíomar níos faide ná tréimhse feidhme an Ráitis Straitéise seo. Chomhaontaíomar ráitis intinne - is é sin le rá, an riocht ba mhaith linn a bheith orainn faoin mbliain 2030. Is uailmhianach agus indéanta araon iad na pleananna atá againn.



Sprioc Straitéiseach 1: Cáilíocht

Faoin mbliain 2030, beidh Cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid. Beidh struchtúr láidir agus samhail rialachais láidir i bhfeidhm ag WWETB chun cáilíocht a bhainistiú ar fud gach réimse. Earcóimid baill foirne atá ardcháilithe agus atá cáilithe go cuí chun an t-oideachas agus an oiliúint a sholáthar agus tabharfaimid rochtain dóibh ar dheiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla chun cur lena gcleachtas gairmiúil. Trí chomhairliúchán, beidh a fhios againn go mbraitheann ár bhfoireann go bhfuil sé tábhachtach don WWETB a léiriú *conas* a bhaineann sé cáilíocht amach agus cad iad na bearta a chuireann muid i bhfeidhm chun cáilíocht a chinntiú. Beidh gach rud tábhachtach – go háirithe na rudaí beaga. Beidh cumhacht tugtha againn do bhaill foirne chun cáilíocht a bhainistiú ar fud na heagraíochta. Beidh cáilíocht ina cuid bhunúsach dár gcultúr anois.

Cén fáth? Tá an cháil atá ar WWETB bunaithe ar cháilíocht ár soláthair oideachais agus oiliúna. Féachaimid leis an gcáil atá orainn a fheabhsú trí bhearta a chur i bhfeidhm chun a léiriú go bhfuil cáilíocht leabaithe i ngach rud a ndéanaimid – ár soláthar oideachais agus oiliúna, an dóigh a n-earcaímid baill foirne, ár gcórais tacaíochta, agus ár leibhéil seirbhíse do chustaiméirí.

Sprioc Straitéiseach 2: Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Toghcháí

Faoin mbliain 2030, beidh saoráidí úrscothacha i bhfeidhm ag WWETB dár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaiméirí aosacha. Beidh obair déanta ag WWETB go dlúth leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun a chinntiú go ndéantar infheistíocht chuí shuntasach inár mbonneagar fisiciúil. Beidh saoráidí ar fud Phort Láirge agus Loch Garman againn anois a bhfuil ár mbaill foirne bródúil astu agus ina spreagtar ár gcuid mac léinn/foghlaiméirí aosacha chun foghlaim. Laistigh de chontaetha Phort Láirge agus Loch Garman, beidh an soláthar breisoideachais agus oiliúna tugtha le chéile againn cibé áit a bhíonn ciall leis sin a dhéanamh. Beidh spásanna solúbtha teagaisc agus foghlama i bhfeidhm againn agus beidh ár gcuid coláistí agus ionad ina moil thábhachtacha ina bpobail. Beidh muid tar éis breathnú níos faide ná teorainneacha an bhonneagair fisiciúil inár straitéis, agus sinn ar an eolas go bhfuil ár saoráidí ina moil thábhachtacha agus ina n-áiteanna cruinnithe tábhachtacha do mhic léinn/foghlaiméirí aosacha, a chothaíonn cairdeas agus naisc trí idirghníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha. Beidh ár saoráidí forbartha againn ar aon dul leis an mórchlár oibre glas agus táimid ar thús cadhnaíochta na nuálaíochta ina leith sin.

Cén fáth? Is é an uailmhian atá againn ná timpeallachtaí optamacha foghlama agus conairí solúbtha trínár gcláir agus don saol ina ndiaidh a chruthú. Is eol dúinn go gcuireann saoráidí ar ardchaighdeán le cáilíocht na foghlama.

Sprioc Straitéiseach 3: Cumarsáid agus Margaíocht

Faoi mbliain 2030, beidh cáil ar WWETB ar fud Phort Láirge agus Loch Garman as na cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthraímid do dhaoine de gach aois. Beidh íomhá branda atá pearsanta agus spéisiúil againn, ar íomhá í atá so-aitheanta agus gairmiúil freisin. Beidh sé éasca do mhic léinn ionchasacha/foghlaimoirí aosacha ionchasacha teacht ar an bhfaisnéis bheacht atá á lorg acu. Beidh naisc an-láidir ag WWETB le comhpháirtithe ar fud Phort Láirge agus Loch Garman agus, thar aon rud eile, beidh naisc an-láidir aige lena phobail áitiúla agus leis na tionscail/seirbhísí áitiúla a thacaíonn leis na pobail sin. Beidh infheistíocht déanta againn i margaíocht, agus beidh feabhas tagtha ar a infheicthe atá ár gcuid scoileanna agus ionad Breisoideachais agus Oiliúna mar thoradh ar mhargaíocht spriocdhírthe agus mar thoradh ar ár dtairiscint a thaispeáint – foirgnimh nua-aimseartha agus oideachas sármhaith agus oiliúint shármhaith a soláthraíonn múinteoirí agus teagascóirí ar ardchaighdeán iad agus a dtacaíonn cuid mhór bainisteoirí agus ball foirne leo. Nuair a luafar Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, smaoineoidh daoine faoi cháilíocht, faoi roghanna, faoi phobal agus faoi dheiseanna a sholáthar dóibh sin atá ag tosú amach nó atá ag déanamh tús nua.

Cén fáth? Tá sé tábhachtach branda láidir a fhorbairt do WWETB ar aon dul leis na hardaidhmeanna atá againn soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a threorú san oirdheisceart.

Sprioc Straitéiseach 4: Sláinte agus Folláine

Faoi mbliain 2030, beidh cáil ar WWETB as a bheith ina áit iontach chun obair agus chun foghlaim ann. Ar fud ár scoileanna agus ár n-ionad uile, beidh baill foirne agus mic léinn/foghlaimoirí aosacha ar aon intinn maidir le WWETB – *feicfear iad, éistfear leo agus beidh meas orthu*. A luaithe a rachaidh siad isteach i bpobal WWETB braithfidh ár mbaill foirne go dtacaítear leo – tuigfidh a n-ionad nó a scoil cé atá iontu, beidh meas aige nó aici ar na láidreachtaí atá acu agus tacóidh sé nó sí leis na laigí atá acu. Beidh Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ina gcuid dhílis den eagraíocht anois.

Cén fáth? Is áit oibre ghnóthach éagsúil é WWETB agus tá sé de dhualgas air freastal ar a lán grúpaí geallsealbhóirí. Trí dhul i gcomhairle leo, is eol dúinn go bhfuil ár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimoirí aosacha ag iarraidh a bheith ina gcuid de phobal a thacaíonn le hindibhidiúlacht, a cheiliúránn éachtaí agus a thugann tacaíocht le linn amanna deacra. Chun pobal den sórt sin a chruthú, is gá comhbhá agus éirim mhothúcháinach a bheith leabaithe isteach inár n-eagraíocht. Is eol dúinn freisin go gcabhraíonn dea-shláinte agus dea-fholláine foirne go mór leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.

Sprioc Straitéiseach 5: Gníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht

Faoi mbliain 2030, beidh cáil ar WWETB as an gcultúr aeráide atá ar bun ann. Beidh athrú iompraíochta spreagtha againn ar fud ár scoileanna agus ár saoráidí breisoideachais agus oiliúna. Beidh an inbhuanaitheacht leabaithe sa dóigh a dteagascaimid, sna nithe a theagascaimid agus sa dóigh a ndéanaimid cumarsáid leis an mórphobal. Beimid inbhuanaithe i ndáil leis an dóigh a ngníomhaímid. Beidh bród orainn as ár n-éachtaí agus beidh bród orainn iad a chomhroinnt le daoine eile. Tabharfaidh ár mbaill foirne aird ar shrianta aeráide agus comhshaoil mar ghnáthchuid den saol. Spreagfar iad le linn a gcuid oibre, agus ambasadóirí ar fud ár gcuid scoileanna, ionad agus oifigí ag comhoibriú lena chéile chun tuilleadh gníomhartha a spreagadh. Tomhaisfimid cad a dhéanaimid. Déanfaimid é sin trí na nithe seo a leanas a bheith againn: ambasadóirí atá lonnaithe ar fud ár saoráidí; baill foirne a oibríonn go lánaímseartha ar na tionscadail; grúpa stiúrtha atá freagrach as an obair a chomhordú; agus buiséad lena dtacaítear leis an obair.

Cén fáth? Tá fianaise ann mórthimpeall orainn ar an ngá atá ann le cónaí agus le hobair ar shlí inbhuanaithe. Is gá dúinn an méid sin a dhéanamh mar ábhar práinne, agus bíonn an phráinn ag méadú i gcónaí. Bíonn an reachtaíocht á hathrú chun iompraíocht mhíchúí a phionósú agus, ar fud an domhain, bíonn an argóint mhorálta ar son scriosadh córas nádúrtha a stad ag

éirí níos láidre i gcónaí. Níl de rogha againn ach gníomhú. Tá níos mó agus níos mó daoine ag iarraidh obair in áiteanna ina dtugtar tús áite don chomhshaol. Anois díreach táimid ag déileáil le géarchéim fuinnimh faoi láthair. Cé gur féidir gur géarchéim ghearrthéarmach í an ghéarchéim sin, léiríonn sí dúinn an riosca méadaithe a bhaineann lena bheith spleách ar bhreosláí iontaise.

Oibrímid le daoine ó chuid mhór cúlraí difriúla, agus is gá dúinn cabhrú le daoine nach bhfuil chomh saibhir céanna roghanna saoil inbhuanaithe a thuiscint agus a rochtain. Mar gheall ar an ngné sin den cheartas aeráide, ní mór dúinn smaoineamh faoi conas is féidir linn cabhrú le daoine billí a laghdú agus, ag an am céanna, faoi conas is féidir linn an brú ar an gcomhshaol a mhaolú. Mar chuid lárnach den chlár oideachais, is féidir díriú ar laghdú a dhéanamh ar an tomhaltachas agus ar an bhfonn rudaí a cheannach. Faoi láthair táimid i lár géarchéime fuinnimh agus cé go bhféadfadh sé seo a bheith gearrthéarmach, tugann sé le fios go bhfuil méadú tagtha ar an mbaol a bhaineann le bheith ag brath ar bhreosláí iontaise.

Beidh poist na todhchaí dírithe ar stíleanna maireachtála inbhuanaithe a chruthú agus a chumasú – idir chruthaitheacht agus innealtóireacht. Dá bhrí sin, ní mór dúinn cabhrú lenár gcuid mac léinn/foghlaimoirí aosacha na poist sin a rochtain trí iad a ullmhú dóibh trí na cúrsaí a sholáthraímid agus tríd an dóigh a dteagascaimid.

Sprioc Straitéiseach 6: Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta/Foghlaim Dhigiteach

Faoin mbliain 2030, beidh tionchar ollmhór imeartha ag an dul chun cinn i dteicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide ar an dóigh a seolann WWETB a chuid teagaisc, oiliúna agus gnó. Toisc go mbíonn athruithe á ndéanamh chomh tapa sin, níl sé éasca an chuma a bheidh ar an tírdhreach a thuar. Tá fás ollmhór tagtha le blianta beaga anuas ar an úsáid a bhaintear as néalseirbhísí, as gléasanna móibíleacha agus as uirlisí teagaisc ar líne. Mar thoradh ar phaindéim Covid-19, leagadh béim mhéadaithe ar úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, don fhoghlaim agus don bhainistíocht. D'fhreagair WWETB go maith do na dúshláin a bhain leis an mearghlacadh le teicneolaíochtaí digiteacha cianoibre/cianfhoghlama le linn na paindéime. Is próisis láimhe pháipéarbhunaithe iad a lán próiseas laistigh de WWETB go fóill, áfach. Mar sin, is gá leas iomlán a bhaint anois as an acmhainneacht iomlán atá ag teicneolaíochtaí digiteacha, ní amháin chun cur leis an dóigh a dteagascar mic léinn/foghlaimoirí aosacha agus a ndéantar measúnú orthu, ach chun feabhas a chur ar an mbainistíocht agus na próisis laistigh de thimpeallacht gnó WWETB agus chun tacú leis an inbhuanaitheacht freisin.


Cén fáth? Úsáidtear an teicneolaíocht chun feidhm 'gnó mar is gnách' a chomhlíonadh laistigh de WWETB faoi láthair. Is teoranta, áfach, atá an acmhainn reatha atá ann sonraí a anailísiú go héifeachtúil agus próisis dhigiteacha agus teicneolaíochtaí nua a chur chun feidhme. Is gá straitéis fhoriomlán TF a chur i bhfeidhm agus an tsamhail oibriúcháin a athbhreithniú chun an bealach a réiteach le haghaidh TF a bhunathrú go hiomlán laistigh de WWETB.

4.3 Forálacha maidir le Cur i bhFeidhm agus Faireachán

Forbraíodh an Plean Seirbhíse seo chun tacú le Ráiteas Straitéise WWETB don tréimhse 2023-2027 a chur chun feidhme. Cé go leagtar amach sa Ráiteas Straitéise na tosaíochtaí agus na haidhmeanna a bheidh againn thar thréimhse 5 bliana, tá sé tábhachtach go mbeadh próiseas i bhfeidhm chun tacú leis na tosaíochtaí agus na haidhmeanna sin a chomhlíonadh. Agus an straitéis á cur chun feidhme aici, tacaítear le hobair Fhoireann Ardbhainistíochta WWETB trí thimthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe a chur i gcrích. Ceadaiúnn Bord WWETB plean bliantúil agus buiséad bliantúil agus é bunaithe ar an bplean agus ar an mbuiséad a dhéanann sé meastóireacht fhoirmiúil ar an bhfeidhmíocht iarbhir gach bliain.

Tá an Plean Cur Chun Feidhme miondealaithe ina cheithre chéim:

1. Céim na Pleanála
2. Céim an Athbhreithniúcháin
3. Céim na Meastóireachta
4. Céim an Tuairiscithe



Céim 1: Céim na Pleanála

Is éard atá i gceist le céim na Pleanála ná an struchtúr a bhunú chun a chinntiú go mbíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman ag comhlíonadh na guspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Déanfar é sin tríd an struchtúr seo a leanas:

- Spriocanna/Cuspóirí a Shainiú
- Garspriocanna a Sceidealú
- Acmhainní a Leithdháileadh
- Freagrachtaí Ball Foirne a Ainmniú
- Méadrachtaí Rath/Príomhtháscairí Feidhmíochta a Shainiú

Oibríonn an Foireann Ardbhainistíochta (SMT) trí na struchtúir rialachais atá ann cheana chun foghníomhartha, amlínte gaolmhara agus méadrachtaí ratha a shainaithint. Áirítear le struchtúr rialachais feidhmiúcháin WWETB na grúpaí seo a leanas a rachfar i dteagmháil leo:

- An Fhoireann Ardbhainistíochta
- Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí
- Bainisteoirí Breisoideachais agus Oiliúna
- Grúpaí Stiúrtha agus Grúpaí Oibre Inmheánacha
- An Fhoireann Oibríochtaí (AD, Airgeadas, Seirbhísí Corparáideacha)

Cuirtear céim na Pleanála i gcrích ar bhonn bliantúil.

Céim 2: Céim an Athbhreithniúcháin

Le linn chéim an Athbhreithniúcháin, cabhraítear leis an bhFoireann Ardbhainistíochta tuiscint a ghnóthú ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn ag éirí léi na gníomhartha agus na tosaíochtaí sainaitheanta a bhaint amach agus cén dóigh a mbíonn siad ag déanamh amhlaidh. Déanfar aon ghníomh feabhais a phleanáil, de réir mar is cuí, tar éis chéim an Athbhreithniúcháin.

Beidh an struchtúr seo a leanas ar chéim an Athbhreithniúcháin:

Comhairliúchán	Freagracht	Minicíocht
Cruinnithe	Athbhreithniú Straitéise SMT	Dhá uair sa bhliain
Cruinnithe	Príomhoidí	Dhá uair sa bhliain

Cruinnithe	Bainisteoirí Breisoideachais agus Oiliúna	Dhá uair sa bhliain
Cruinnithe	Foireann Oibríochtaí	Dhá uair sa bhliain
Cruinnithe	Grúpaí Stiúrtha agus Oibre Ildisiplínacha	4-6 chruinniú in aghaidh na bliana
Cruinnithe	Bord WWETB	Athbhreithniú lár téarma
Seisiún le fócasghrúpaí/suirbhéanna	Grúpaí páirtithe leasmhara inmheánacha	Athbhreithniú lár téarma
Seisiún le fócasghrúpaí/suirbhéanna/rann pháirtíochta	Grúpaí páirtithe leasmhara	Athbhreithniú lár téarma

(Is féidir leis na cruinnithe pleanála bliantúla, mar atá leagtha amach thuas, forluí le cuid de na cruinnithe athbhreithniúcháin)

Céim 3: Céim na Meastóireachta

Is é an cuspóir atá le céim na Meastóireachta ná tátail a bhaint as céim an Athbhreithniúcháin agus a shainaithint cé acu atá nó nach bhfuilimid ar an mbóthar ceart maidir leis na spriocanna agus na tosaíochtaí atá againn a chomhlíonadh agus maidir le torthaí a bhaint amach laistigh de na creataí ama atá leagtha amach. Déantar athbhreithniú i gcéim na Meastóireachta freisin ar cé acu a bhíonn nó nach mbíonn ár bPríomhtháscairí Feidhmíochta á mbaint amach. Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta freagrach as céim na Meastóireachta agus éascaítear seisiún i leith na céime sin gach bliain.

Céim 4: Céim an Tuairiscithe

Tuairiscíonn WWETB don Aire gach bliain, de réir na n-oibleagáidí atá orainn faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus faoin gCód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. Áirítear leis an Tuarascáil Bhliantúil an t-eolas is deireanaí ar an dul chun cinn a rinneadh ar na cuspóirí atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise. Mar Ghrúpa Cur Chun Feidhme don Ráiteas Straitéise, tuairiscíonn an Fhoireann Ardbhainistíochta don Bhord gach bliain freisin ar an dul chun cinn a rinneadh ar na spriocanna straitéiseacha comhaontaithe.

5. Forbhreathnú ar Sheirbhísí 2025

5.1 Bunscoileanna, Iar-bhunscoileanna, Teastas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh, agus Scoileanna Speisialta

Is é WWETB an pátrún agus an t-údarás bainistíochta ar Phobalscoil Náisiúnta amháin, ar 12 iar-bhunscoil agus ar scoil speisialta amháin. Leanfaidh WWETB le comhairle agus tacaíocht oideachais, airgeadais, acmhainní daonna, TFC agus tógála a thabhairt do gach ceann de na scoileanna sin, mar aon le tacú lena rialachas foriomlán agus lena mbainistíocht fhoriomlán. Tá WWETB ina chomhphátrún chomh maith ar thrí scoil phobail i bPort Láirge agus i Loch Garman.

Le linn 2026, leanfar de thacaíocht a thabhairt do gach scoil de chuid WWETB tríd an gClár um Oideachas Speisialta Cuimsitheach (RISE) a bhaint amach, arna chomhordú go náisiúnta trí BOOÉ. Cuireann an tacaíocht leanúnach seo ar chumas scoileanna cur chuige atá bunaithe ar shonraí, córasach agus comhoibritheach a fhorbairt chun freastal ar raon éagsúil riachtanas scoláirí agus tugann sé rochtain do scoileanna ar threoir, ar acmhainní, ar cheardlanna agus ar fhoghlaím ghairmiúil chun cur ar a gcumas sonraí a bhailiú agus a anailísiú ó bhaill foirne, ó scoláirí agus ó thuismitheoirí faoi oideachas cuimsitheach. Tá scoileanna WWETB ag céim an athbhreithnithe den phróiseas timthriallach seo anois. In 2026, déanfar anailís ar shonraí nuashonraithe chun bonn eolais a chur faoi fheabhsú scoileanna agus chun na hacmhainní agus an fhoghlaím ghairmiúil agus an tacaíocht a theastaíonn chun leanúint ar aghaidh ag freagairt do riachtanais shainaitheanta a aithint. Tá an obair seo comhtháite i spriocanna Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS)/Pleananna Feabhsúcháin Scoile a Sheachadadh.

Ag teacht leis an bpróiseas RISE, tacaíodh le scoileanna WWETB chun beartais shuntasacha scoile a chur chun cinn lena n-áirítear an Plean Treorach agus an Clár don Scoil Uile agus an Polasaí um Chuimsiú don Scoil Uile trí theimpléid bheartais ar ardchaighdeán a fhorbairt i gcomhar le chéile. In 2026, forbrófar teimpléad beartais Teagaisc, Foghlama, Measúnaithe agus Tuairiscithe ag baint úsáide as cur chuige comhoibritheach den chineál céanna.

In 2025, bhunaigh WWETB Pobal Cleachtais nua um Theagasc, Foghlaim, Measúnú agus Tuairisciú (TFMT). D'ainmnigh gach scoil ceannaire TFMT, agus tá sé beartaithe teacht le chéile trí huaire in aghaidh na bliana acadúla chun comhoibriú ar phlean forbartha 3-5 bliana. Déantar réimsí tosaíochta arna sainaithint ag an ngrúpa seo agus ceannairí sinsearach scoile a chomhtháthú le réimsí le haghaidh feabhsúcháin a shainaithnítear tríd an bpróiseas mapála soláthair RISE.

Ag eascairt as Ceannaireacht Scoile WWETB don Idirbhliain 2025 agus Comhordaitheoirí na hArdteistiméireachta Feidhmí, bunaíodh pobail chleachtais don dá ghrúpa. Forbraíodh foireann uirlisí chun tacú le scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar a gClár don Idirbhliain (IB) agus don Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF) de réir ráitis nuashonraithe chlár na Roinne Oideachais agus Óige. Leanfaidh an tacaíocht seo in 2026.

Leanann Comhordaitheoir Éiteas WWETB ag obair le foirne ceannaireachta Éiteas chun na croíluachanna a leabú tuilleadh i scoileanna WWETB.

Tabharfar deis chun páirt a ghlacadh i gclár prionsabal The Magenta do mhúinteoirí in 2026. Tá pobal cleachtais múinteoirí ealaíne tar éis deiseanna chun oiliúint idir píaraí a chur ar fáil laistigh den ghrúpa. Cuirfear oiliúint ar fáil do threoirmhúinteoirí agus do Mhúinteoirí Oideachais Speisialta maidir le scagthástáil agus tástáil dhiagnóiseach ar leith. Comhoibreoidh múinteoirí ceoil chun seó a léiriú san Áras Náisiúnta Ceoldrámaíochta i mí an Mhárta 2026. Tá Pobal Cleachtais Béarla mar Theanga Bhreise (EAL) a bunaíodh in 2025 ag comhoibriú ar líne i gcónaí.

In 2026, tabharfar deiseanna do mhic léinn páirt a ghlacadh i raon imeachtaí tras-choláiste, ar nós comhchruinnitheoirí, comórtais fichille agus trastíre, chomh maith le bheith ag seinm san Áras Náisiúnta Ceoldrámaíochta. Tá sé beartaithe é a chur in ionad ról an Chomhordaitheora Foghlama Digití in 2026.

Rollú d'Iar-bhunscoileanna (Coláistí Iar-Ardteistiméireachta san áireamh, Bunscoileanna agus Scoileanna Speisialta):

Ainm na hIar-bhunscoile (Coláistí Iar-AT san áireamh)	Rolluithe amhail Deireadh Fómhair 2025	
	Iar-Bhunscoileanna	Coláistí IAT
Coláiste Bhaile an Droichid	631	
Coláiste Pobail Bhun Clóidí	310	
Coláiste Abbáin	501	
Coláiste an Átha	349	52
Coláiste Creagh	1061	
Coláiste Dhún Garbhán	247	130
CP Inis Córthaidh	492	217
Coláiste Uí Chinnéide	189	
Meánscoil San Nicolás	159	
Coláiste Sheilsceire	377	70
Coláiste Pobail Naomh Déaglán	783	

Coláiste Pobail Naomh Pól	792	
Coláiste Breisoideachais Phort Láirge	/	702
IOMLÁN	5891	1171

Rollú do Bhunscoileanna:


Bunscoil	Clárú amhail DF 2025
Scoil Náisiúnta Pobail Chill na Manach	32

Rollú do Scoileanna Speisialta:

Ainm na Scoile	Clárú amhail DF 2025
Cnoc Ghuaire	37

5.2 Breisoideachas agus Oiliúint (Teastas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)

Ráiteas Seirbhísí – Breisoideachas agus Oiliúint 2026



Soláthraítear Breisoideachas agus Oiliúint i bPort Láirge agus i Loch Garman trínár gcláir a sheachadtar ar 40 suíomh de chuid WWETB, agus i dtimpeallachtaí pobail chomh maith.

Leanfaidh an rannóg Breisoideachais agus Oiliúna i WWETB le feabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí atá aige cheana féin, soláthróidh sé soláthar breise i bpobail ina dtagann riachtanais chun cinn agus feabhsóidh sé an bonneagar ina gcuirtear a chuid seirbhísí ar fáil.

Is eagraíocht atá dírithe ar fhoghlaimeoirí é WWETB atá tiomanta do chláir a chur ar fáil a dhíríonn ar scileanna a thógáil don todhchaí, cuimsiú a chothú agus conairí a chruthú do gach foghlaimeoir. Féachann WWETB le seirbhísí ardchaighdeáin a sholáthar agus tá sé tiomanta d'fheabhsú leanúnach. Tá sé mar aidhm ag ár gcláir ar fad an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil agus luach ar airgead a thabhairt.

Coinneoidh WWETB ag díriú ar a sholáthar printíseachtaí ar fud Phort Láirge agus Loch Garman. Leanfaidh WWETB ag cur leis an mbreisoideachas lánaimseartha agus páirtaimseartha a sholáthraíonn sé. Leanfaidh WWETB ar aghaidh ag leathnú a sholáthar tacaíochta d'fhoghlaimeoirí trí thacaíocht níos comhsheasmhaí a sholáthar d'fhoghlaimeoirí. Leanfaidh WWETB ag tacú le daoine óga trína Ógtheagmháil, Ionad Oiliúna Pobail agus Soláthar Gnóthaí Óige. Tá WWETB tiomanta don straitéis Litearthacht d'Aosaigh ar feadh an tSaoil agus go dtacófar le daoine ar fud Phort Láirge agus Loch Garman a bhfuil riachtanais litearthachta acu nár freastalaíodh orthu, chomh maith le tacú le pobail nua trí chláir a sholáthar do chúrsaí Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile.

Cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna 2026

Cláir	Iomlán na gCúrsaí	Foghlaimeoirí
Grúpaí Litearthachta d'Aosaigh	724	4066
Oiliúint Phrintíseachta	132	1935
Nasc-Chúrsaí agus Bun-Oiliúint	1	10
Grúpaí an Tionscnaimh um Fhilleadh ar	338	3003
Oideachas Pobail	689	7077
Ionaid Oiliúna Phobail	19	249
Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile	351	3882
Oiliúint Oíche	85	627
Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais	3	122
Conairí chuig an BOaO ón scoil	10	421
Tionscnaimh Oiliúna Áitiúla	19	262
Ríomhcholáiste Ar Líne	1	1
Maoiniú Eile	17	438
Scileanna Dul Chun Cinn	187	1610
Scileanna don Obair	4	18
Soláthraithe Oiliúna Speisialaithe	10	165
Oiliúint i Scileanna ar Leith	40	400
Cláir Threasacha	3	37
Traenáil ar Chúrsaí Oiliúna	7	106
Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (SDOG/VTOS)	50	512
Ógtheagmháil	44	626
IAT	146	-
Iomlán	2,880	25,557

5.3 Gnóthaí Obair Óige

Is seirbhís tacaíochta d'eagraíochtaí oibre óige í an fhoireann Gnóthaí Oibre don Aos Óg i WWETB. Is é an sprioc ná tionscadail agus seirbhísí oideachais neamhfhoirmeálta ar ardchaighdeán a chur chun cinn agus tacú leo do dhaoine óga ar fud an dá chontae.

Tá triúr oifigeach óige lánaimseartha ann faoi láthair, foireann tacaíochta riaracháin lánaimseartha agus páirtaimseartha amháin laistigh de WWETB a dtacaíonn an tOifigeach Oideachais do Dhaoine Fásta le gach duine acu atá freagrach as Seirbhísí Óige. Bainistítear an fhoireann oibre don aos óg go príomha ar fhoirmáid cheantarbhunaithe le hOifigigh Óige atá lonnaithe i gCathair Phort Láirge, i gContae Phort Láirge agus i gContae Loch Garman.

Is é UBU *D'Áit, Do Spás* an croí-chlár arna mhaoiniú ag WWETB. Is é bunchuspóir UBU, *D'Áit, Do Spás* ná tacaí lasmuigh den scoil a sholáthar do dhaoine óga (idir 10 mbliana d'aois agus 24 bliana d'aois) atá imeallaithe, faoi mhíbhuntáiste nó soghonta agus an méid sin a dhéanamh ina bpobal féin chun gur féidir leo imthosca dochracha a sháru agus barr a gcumais a bhaint amach. Ní mór na tacaíochtaí sin a sholáthar ar aon dul le luachanna, spriocanna, cuspóirí agus rialacha na scéime agus mar fhreagairt do na riachtanais atá ag daoine óga, mar a shainaithin WWETB iad. Déanann WWETB maoirseacht ar rialachas agus ar chomhlíonadh na bainistíochta ar mhaoiniú UBU Your Place Your Space a chuireann an Roinn Oideachais agus Óige ar fáil do 26 tionscadal faoi stiúir na foirne ar fud an dá chontae. Tá ról ríthábhachtach ag Oifigigh Óige WWETB maidir le seirbhísí áitiúla óige a fhothú agus a fhorbairt agus maidir le faireachán a dhéanamh orthu. Téann na hOifigigh Óige i dteagmháil dhíreach leis na heagraíochtaí óige agus lena n-oibrithe óige ina limistéar féin ar mhaithe le tacaíocht agus treoir a thabhairt dóibh.

Leanann WWETB le hobair na ngrúpaí óige atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha a thacú trí phróiseas caighdeán na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ) agus trí chistiú a sholáthar tríd an Scéim Deontais le haghaidh Clubanna Óige Áitiúla (SDCÓÁ) agus trí scéimeanna deontais eile nuair a chuirtear iad ar fáil.

I measc na bpríomhghníomhartha atá mar bhonn agus taca ag Gnóthaí Oibre don Aos Óg tá:

- Deontais a riar chun obair óige a sholáthar lena n-áirítear UBU *D'Áit, Do Spás*, Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla, Deontas um Threalamh Caipitil, agus Tionscnamh Spriocdhírthe um Thacaíocht Fostaíochta don Aos Óg, Scéim Miondeontais, Deontas um Lánpháirtíocht agus Ionaid Eolais don Aos Óg.
- Rialachas agus formhaoirseacht a dhéanamh ar an dóigh a riartar cistiú le haghaidh obair óige.
- Na cistí a sholáthraíonn an Roinn Leanaí, Míchumais agus Comhionannais (RLCMLÓ) le haghaidh tionscadail a sheoladh a bhainistiú agus a riar ar bhealach éifeachtúil tráthúil.
- Iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí inar féidir éifeachtúlachtaí a thabhairt isteach i bpróisis tuairiscithe ar mhaithe le húsáid acmhainní a uasmhéadú agus córais tuairiscithe ar líne atá níos so-úsáidte a chruthú do thionscadail atá faoi stiúir ag baill foirne agus do chlubanna atá faoi stiúir ag oibrithe deonacha araon.
- Iniúchadh a dhéanamh go seasta ar na deiseanna atá ann freastal ar na riachtanais shainaitheanta atá ag daoine óga tríd an obair óige in áiteanna a bhfuil seirbhísí teoranta ar fáil.
- Tacú le Caighdeáin Cháilíochta Náisiúnta do chlubanna óige agus do thionscadail a sholáthraíonn obair óige.
- Oibrithe óige agus oibrithe deonacha i réimse na hoibre óige a threorú i dtreo acmhainní don obair óige agus i dtreo ábhar cláir.

5.4 Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta

Is í an fheidhm atá ag Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta ag WWETB ná córais agus struchtúir a chur i bhfeidhm chun tacú le seirbhísí agus cláir oideachais agus oiliúna WWETB a sheachadadh. Déantar é sin trí chultúr feabhais leanúnaigh a chothú. De réir an Ráitis Straitéise nua don tréimhse 2023-2027, forbrófar roinnt clár oibre nua chun cabhrú leis an straitéis a chomhlíonadh. Cuimseoidh na cláir oibre sin na feidhmeanna seo a leanas:

1. Acmhainní Daonna
2. Airgeadas
3. Seirbhísí Corparáideacha
4. Music Generation

1. Acmhainní Daonna

In 2026, díreoidh Oibríochtaí Acmhainní Daonna ar an gcóras bainistíochta iarrthóirí nuafheidhmithe (ríomh-earcaíochta) a leabú agus a bharrfheabhsú chun glacadh iomlán agus an éifeachtúlacht is mó is féidir a chinntiú ar fud na heagraíochta. Leanfaimid le próisis chaighdeánaithe AD a bheachtú, le béim ar leith ar cháilíocht sonraí a fheabhsú, ar chomhlíonadh a neartú agus ar chumais tuairiscithe a fheabhsú. Príomhthosaíocht don bhliain is ea feabhas leanúnach a chur ar ionduchtú agus ar ionduchtú, lena n-áirítear tacaíochtaí a bhaineann go sonrach le ról, foirne uirlisí feabhsaithe bainisteora agus sásraí aiseolais rialta chun a chinntiú go dtacaítear go hiomlán le baill foirne nua ar a dturas isteach i WWETB.

2. Airgeadas

Leanfaidh an fhoireann airgeadais agus soláthair le seirbhís ardchaighdeán a sholáthar do gach réimse, ag baint úsáide as córais tuairiscithe agus sonraí nua - aimseartha nuair is féidir. Forbrófar na córais tuairiscithe seo i gcomhar le ESBS agus BOOnna go náisiúnta.

Coinneoidh an t-airgeadas teagmháil leanúnach le ESBS chomh maith maidir le himirce phleanáilte ár n-íocaíochtaí creidiúnaí chuig seirbhísí comhroinnte, a mheastar a bheidh ar siúl in 2026.

Ar deireadh, mar fhoireann táimid tiomanta i gcónaí ár bpróisis a chuíchóiriú ar aon dul leis an gcleachtas is fearr agus le moltaí Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (C&AG) agus an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí (AII).

3. Seirbhísí Corparáideacha

Beidh an fhoireann seirbhísí corparáideacha dírithe ar:

- Straitéis Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a fhorbairt in 2026, a chuimsíonn an straitéis foghlama feabhsaithe teicneolaíochta agus an straitéis foghlama digití inár scoileanna.
- Córas Bainistíochta Slándála Faisnéise a bhunú agus na beartais agus na nósanna imeachta a bhaineann leis a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.

Tá roinnt clár bonneagair tosaíochta ar siúl inár scoileanna agus inár soláthar breisoideachais agus oiliúna araon faoi láthair. Tá sé mar thosaíocht ag an bhfoireann foirgneamh an struchtúr atá i bhfeidhm aici a ailíniú agus obair go dlúth leis an Roinn Oideachais agus le SOLAS chun freastal ar na riachtanais atá ag na cláir fhairsinge foirgneamh sin. Tá ár gcláir bhonneagair go léir do 2026 tar éis riachtanais ár spriocanna comhshaoil do 2030 a ionchorprú mar phríomhspriocanna insoláthartha.

Fanann suíomh gréasáin corparáideach WWETB ina bhealach ríthábhachtach chun dul i dteagmháil le foghlaimeoirí ionchasacha agus lenár bpobail reatha. In 2026, tabharfaimid tús áite d'eispéreas feabhsaithe úsáideora a sholáthar tríd an suíomh a dhéanamh níos iomasaí, agus níos éasca le nascleanúint a dhéanamh air. Neartóimid ár rannpháirtíocht sna meáin shóisialta freisin trí íomhánna láidre agus ábhar dinimiciúil físe a ghíaráil, ag obair i gcomhar le húinéirí ábhair ar fud na heagraíochta. Ina theannta sin, forbróimid plean straitéiseach cumarsáide a shainíonn go soiléir príomhtheachtaireachtaí dár lucht féachana tosaíochta.

4. Music Generation

Ceapadh comhairleoirí chun forbairt straitéise cúig bliana a éascú do Music Generation Loch Garman, agus ceann do Music Generation Phort Láirge, ag tosú in 2026. Chun tacú leis na straitéisí sin a fhorbairt, bunófar Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil i Loch Garman agus i bPort Láirge araon, agus iad comhdhéanta d'ionadaithe ó ghrúpaí éagsúla páirtithe leasmhara. Cuideoidh na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil le hoideachas agus taibhiú ceoil a threorú agus tacóidh siad le teagmháil agus tionchar Music Generation ar na mílte ceoltóirí óga i Loch Garman agus i bPort Láirge.

6. Ráiteas faoi Sheirbhísí sa bhliain 2026

De réir théarmaí an Chomhaontaithe um Sholáthar Feidhmíochta leis an Roinn Oideachais agus Óige agus WWETB, sainaithníodh na spriocanna agus tosaíochtaí seo a leanas. Is iad seo a leanas na sainbhearta a theastaíonn chun na tosaíochtaí thuas a chur i bhfeidhm, mar aon leis na táscairí feidhmíochta agus na spriocanna gaolmhara atá le baint amach:

Cuspóir	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimora a bharrfheabhsú	Eispéireas dearfach foghlama a sholáthar do gach foghlaimoir, lena n-áirítear foghlaimoirí ó ghrúpaí imeallaithe.	Tacófar le hobair na comhairle foghlaimoirí Breisoideachais agus Oiliúna. Leathnófar an clár ambasadóirí éiteas chuig gach iar-bhunscoil. Déanfaidh an comhordaitheoir sláinte agus folláine laistigh den aonad tacaíochta d'fhoghlaimoirí sraith tionscnamh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm	Cruinnithe rialta den Chomhairle Foghlaimoirí Breisoideachais agus Oiliúna. Roinnt scoileanna ag glacadh páirte. Foghlaimoirí a ghlacann páirt i dtionscnaimh.	Cruinnithe de chuid an Fhóiraim Foghlaimoirí Breisoideachais agus Oiliúna a bheith tionólta go rialta i 2026. Deich scoil atá ag glacadh páirte sa chlár. Tionscnaimh nua sláinte agus folláine a fhorbairt.
	Tacú le mic léinn/ foghlaimoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta reatha.	Pobal Cleachtais na gComhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais – forbrófar teimpléid chomhroinnte le haghaidh Pleananna Tacaíochta Mic Léinn. Leanfaidh an Fhoireann Foghlama Digití le hionchur a sholáthar maidir le huirlisí inrochtaineachta i Sraith MS. Soláthrófar tuilleadh forbartha gairmiúla leanúnaí/oiliúna i scagadh agus i dtástáil dhiagnóiseach.	Leanúint de ghníomhaíochtaí pobail cleachtais amhail piara - go - piara/ scáthú le haghaidh scagthástála/tástála diagnóiseacha /(Socruithe Réasúnta ag Scrúduithe Teastais - RACE). Príomhtháscairí Feidhmíochta	Múinteoirí a chur i mbeirteanna bunaithe ar riachtanais/taithí. Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) a Fhoinsiú ar thástálacha ar leith nuair is gá. Céim an athbhreithnithe sonraí do gach scoil. Cuairteanna scoile ón gComhordaitheoir Oideachais/Ionchuimsithe de réir mar is gá. FGL a sheachadadh de réir mar a iarrann an fhoireann.

Cuspóir	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
		Tionscnamh Mapála Soláthair BOOÉ a bhuanú laistigh de gach iar-bhunscoil mar chuid den chlár RISE. Ceann foghlama digití a earcú chun tacú le huirlisí inrochtaineachta a leabú laistigh dár bPobail Cleachtais, de réir mar a iarradh. Éascú agus fás leanúnach ar an bPobal Cleachtais do mhúinteoirí Béarla mar Theanga Bhreise (EAL).	Méadú ar líon na tacaíochta a thairgtear. Sliotáin tacaíochta foghlama digití a thairgtear de réir mar is gá. Bunú oifigiúil de Phobal Cleachtais Béarla mar Theanga Bhreise agus beidh an chéad chruinniú ann i R1 2025. Monatóireacht/uaslódú d'fhaisnéis ábhartha agus treoirlínte don EAL CoP ar líne, é seo curtha ar fáil ag an gComhordaitheoir REALT, Comhordaitheoir um Fhoghlaim Dhigiteach agus an Comhordaitheoir Oideachais.	
	A chinntiú go bhfuil na bearta uile um chumhdach leanaí i bhfeidhm, de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do	Déanfar athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil ar an ráiteas um chumhdach leanaí agus cuirfear measúnuithe riosca gaolmhara i gcrích. Déanfar cigireachtaí cumhdaigh leanaí, lena gcabhrófar le faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm i scoileanna	Athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil á ndéanamh ag Boird Bhainistíochta. Cigireachtaí cumhdaigh a bheith ar siúl i scoileanna	Na caighdeáin atá i bhfeidhm a choinneáil ar bun. Cigireachtaí cumhdaigh a bheith déanta.

Cuspóir	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
	Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna.	Oiliúint ar Thuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí do Bhoird Bainistíochta curtha i gcrích ag príomhoidí scoile.	Oiliúint ar Thuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí do Bhoird Bhainistíochta déanta.	Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta déanta.
	A chinntiú go gcomhlíontar go hiomlán na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna (Leasaithe 2025)	Déanfar athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil ar an ráiteas um chumhdach leanaí agus cuirfear measúnuithe riosca gaolmhara i gcrích. Déanfar cigireachtaí cumhdaigh leanaí, lena gcabhrófar le faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm i scoileanna Oiliúint ar Thuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí do Bhoird Bainistíochta curtha i gcrích ag príomhoidí scoile. A chinntiú go bhfuil na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 glactha agus curtha i bhfeidhm ag gach scoil WWETB agus go bhfuil socruithe cuí maidir le cosaint agus coimirce leanaí i bhfeidhm de réir na riachtanas náisiúnta.	Athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil á ndéanamh ag Boird Bhainistíochta. Cigireachtaí cumhdaigh a dhéanamh i scoileanna Oiliúint ar Thuarascáil Mhaoirseachta um Chosaint Leanaí do Bhoird Bhainistíochta déanta. Líon na scoileanna WWETB a chomhlíonann na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025	Na caighdeáin atá i bhfeidhm a choinneáil. Cigireachtaí cumhdaigh déanta. Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta déanta. Faoi dheireadh 2026, beidh na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025 glactha go foirmiúil ag gach scoil WWETB agus deimhneoidh siad go bhfuil na nósanna imeachta cuí maidir le cosaint agus coimirce leanaí i bhfeidhm de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Scoileanna 2025.

Cuspóir	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
Cláir Chosanta	Cúnamh a thabhairt don Roinn Oideachais, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a eascraídh as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus ar an soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta	Leanfaidh na scoileanna le mic léinn IRPP agus iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chur ar an rolla de réir na bpolasaithe iontrála atá acu. Leanfaidh WWETB ar aghaidh le comhordaitheoir REALT a fhostú. Spreagfar na scoileanna a bheith ina mbaill de na Scoileanna Tearmainn.	Déanann scoileanna dul chun cinn chun stádas Scoile um Churadh Scoileanna Tearmainn a bhaint amach.	Méadú ar líon na scoileanna a bhfuil stádas Curadh Scoileanna Tearmainn acu.
Rialachas	Rátaí freastail ar chruinnithe boird	Cuirfear béim an athuair ar an gceanglas go bhfreastalófaí ar gach cruinniú Boird, de réir an Chóid Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú.	Baineadh córam amach do gach cruinniú de Bhord WWETB.	Baineadh córam amach do gach cruinniú de Bhord WWETB.
	Féin-mheasúnuithe Boird	Ba chóir do gach Bord leas a bhaint as ceistneoir féinmheasúnaithe, ag baint úsáide as an gceistneoir atá san áireamh sa Chód Cleachtais, chun sainiú a dhéanamh ar réimsí ina bhfuil feabhsuithe ag teastáil.	Ceistneoir féinmheasúnaithe a rinne baill an Bhoird ina n-aonar agus aontaíodh ar thuarascáil ilchodach.	Ceistneoir féinmheasúnaithe curtha i gcrích go bliantúil.
	Saineolas airgeadais ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais	Déanfaidh an bord ceapacháin chuig coistí iniúchóireachta agus airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Roghnófar comhaltaí seachtracha de choistí chun na scoileanna agus an taithí iniúchóireachta agus airgeadais a theastaíonn a chur leis an ról.	Comhdhéanamh dea-chleachtais na gCoistí Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.	Comhdhéanamh an choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bheith ag teacht leis an dea-chleachtas.
	Breithmheas an Bhoird ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca	Ba chóir don chathaoirleach ar gach bord a chinntiú go dtugtar tuarascálacha scríofa do gach ball den bhord maidir leis an obair a dhéanann na coistí airgeadais, agus iniúchóireachta & riosca mar a éilítear faoin gCód Cleachtais le haghaidh rialachas na BOOanna.	Tuarascálacha a chuirtear ar fáil don Bhord de ghnáth ó Choistí Airgeadais agus ó Choistí Iniúchóireachta agus Riosca.	Tuarascálacha curtha ar fáil don Bhord go tráthúil.
	Féinmheasúnú ag an gCoiste	Ba chóir don chathaoirleach ar an dá choiste a chinntiú go gcuirtear cleachtadh	Cleachtadh féinmheasúnaithe a	Cleachtaí féinmheasúnaithe curtha i gcrích gach bliain.

Cuspóir	Tosaíocht	Gníomh	Táscaire Feidhmíochta	Sprioc
	Airgeadais agus ag an gCoiste Iniúchóireachta & Riosca	féinmheasúnaithe i gcrích go bliantúil mar a éilítear faoin gCód Cleachtais le haghaidh rialachas na BOOanna.	dhéanann an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca gach bliain.	
	Forbairt Foirne*	Ba chóir don Phríomhfheidhmeannach na nithe seo a leanas a chinntiú: - go gceapfar ball foirne mar bhainisteoir oiliúna - go ndéantar anailís ar riachtanais oiliúna i mbainistíocht airgeadais ar bhonn bliantúil - go ndéantar clár oiliúna ar bhainistíocht airgeadais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.	Bainisteoir Airgeadais ag comhlíonadh an ról mar bhainisteoir oiliúna don fhoireann Airgeadais agus clár oiliúna scóipeáilte agus curtha i bhfeidhm.	Bainisteoir Oiliúna ceaptha agus clár oiliúna ar bhainistíocht airgeadais curtha i bhfeidhm.
	Tuairisceáin na Roinne agus spriocdhátaí tuairiscithe	Comhlíonfar na spriocdhátaí tuairiscithe arna leagan síos ag an Roinn agus beidh na tuarascálacha cruinn.	Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne Oideachais comhlíonta.	Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne Oideachais comhlíonta.
	Beartas Bainistíochta Riosca	Ba cheart do Bhord gach BOO a chinntiú go bhfuil próiseas leanúnach i bhfeidhm a dearadh chun na rioscaí suntasacha a bhaineann le torthaí aonáin a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu. Ba cheart don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mbord sa ról seo.	Plean gnó agus Bainistíochta Riosca a bheith curtha chun feidhme agus próiseas a bheith comhaontaithe le haghaidh aon rioscaí a shainaithint agus le haghaidh aghaidh a thabhairt orthu.	Plean gnó agus Bainistíochta Riosca a bheith curtha chun feidhme agus próiseas a bheith comhaontaithe le haghaidh aon rioscaí a shainaithint agus le haghaidh aghaidh a thabhairt orthu.
	Rialuithe Inmheánacha	Ba cheart do bhord gach BOO a chinntiú go bhfaigheann sé dearbhú leordhóthanach go bhfuil rialuithe sonraithe ag feidhmiú mar is ceart.	Dearbhú a bheith faighte ag an mBord á rá go bhfuil rialuithe sonraithe i bhfeidhm.	Rialuithe inmheánacha a bheith i bhfeidhm agus Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha a bheith ceadaithe ag an mBord.

* Tagraíonn sé seo do BOO ag cinntiú go bhfuil freagracht foriomlán sannta ar bhall foirne reatha maidir leis an oiliúint a chur i bhfeidhm agus maoirsiú a dhéanamh uirthi ar fud an BOO, agus é mar aidhm cur chuige straitéiseach, soiléir agus éifeachtach a chur i bhfeidhm maidir le hoiliúint ar fud na réimsí feidhmeacha go léir. Is féidir le ról mar seo teacht leis na struchtúir agus socruithe reatha atá i bhfeidhm ar fud an BOO agus ní gá gur ról lánaimseartha é. Is é an príomhrud ná go mbeidh ball foirne amháin freagrach go foriomlán as an gclár oiliúna agus as maoirsiú a dhéanamh air.

Chomh maith leis na spriocanna agus na tosaíochtaí a comhaontaíodh go náisiúnta thuasluaite, cuirfear tús leis na tosaíochtaí straitéiseacha seo a leanas do WWETB le linn 2026, nó seachadfar iad, chun a chinntiú go gcuirfear an Ráiteas Straitéise foriomlán chun cinn.

*Nóta: Tagraíonn na huimhreacha thíos don ghníomh straitéiseach gaolmhar sa Ráiteas Straitéise 2023-2027. Níl na huimhreacha in ord croineolaíoch i ngach cás.

Sprioc Straitéiseach 1: Cáilíocht

Faoin mbliain 2030, beidh Cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid. Beidh struchtúr láidir agus samhail rialachais láidir i bhfeidhm ag WWETB chun cáilíocht a bhainistiú ar fud gach réimse. Earcóimid baill foirne atá ardcháilithe agus atá cáilithe go cuí chun an t-oideachas agus an oiliúint a sholáthar agus tabharfaimid rochtain dóibh ar dheiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla chun cur lena gcleachtas gairmiúil. Trí chomhairliúchán, beidh a fhios againn go mbraitheann ár bhfoireann go bhfuil sé tábhachtach don WWETB a léiriú mar a bhaineann sé cáilíocht amach agus cad iad na bearta a chuireann sé i bhfeidhm chun cáilíocht a chinntiú. Tá gach rud tábhachtach – go háirithe na rudaí beaga. Tá an cumas tugtha againn don fhoireann cúrsaí cáilíochta a bhainistiú ar fud na heagraíochta. Is cuid dhílis anois í an cháilíocht inár gcultúr.

Cén fáth? Tá an cháil atá ar WWETB bunaithe ar cháilíocht a sholáthair i gcúrsaí oideachais agus oiliúna. Féachaimid leis an gcáil atá orainn a fheabhsú trí bhearta a chur i bhfeidhm chun a léiriú go bhfuil cáilíocht leabaithe i ngach a ndéanaimid – ár soláthar teagaisc agus oiliúna, an dóigh a n-earcaímid baill foirne, ár gcórais tacaíochta, agus ár leibhéil seirbhíse do chustaiméirí.

1.1 Tosaíocht Straitéiseach: Struchtúr agus Rialachas (lena n-áirítear seirbhísí eagrúcháin)

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.1.1	Cur le sainchúram na hOifige Cáilíochta in WWETB chun an cháilíocht a bhainistiú agus tacaíocht a sholáthar ar fud na heagraíochta go léir – lena n-áirítear monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar chlár agus ar scoileanna/aonaid.	Samplaí dea-chleachtais a aithint agus a roinnt i measc na foirne breisoideachais agus oiliúna agus scoileanna. Athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomh agus ar chéimeanna straitéiseacha.	Tá treoirthionscadail ag feidhmiú go hiomlán. Tá cur i láthair déanta ar shamplaí den dea-chleachtas.	Feabhas a chur ar spriocanna agus cuspóirí cáilíochta níos leithne agus iad a shainiú, a thomhas agus a léiriú. Rinneadh dhá chur i láthair Tá an sprioc nuashonraithe agus soiléirithe.
1.1.2	Ráiteas maidir le Tiomantas Bhord Oideachais agus	Ráiteas Cáilíochta foilsithe	Ráiteas le feiceáil i ngach scoil agus ionad WWETB.	Ráiteas le feiceáil i ngach scoil agus ionad WWETB.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman do Cháilíocht a fhorbairt agus a fhoilsiú, rud a bheidh le feiceáil i ngach Scoil agus Ionad.			
1.1.4	Oifig um Fhorbairt Chláir Bhreisoideachais agus Oiliúna a bhunú, rud a ailíneoidh leis an straitéis atá i bhfeidhm ag SOLAS chun tacú le poist agus le conairí foghlama, chun cuimsiú a éascú, chun daoine a uasoiliúint tríd an saol agus trí ghairmeacha, agus chun díriú go sonrach ar phríomhriachtanais scileanna. Cuirfear de dhualgas ar an Oifig cláir a bhailíochtú agus a athbhreithniú agus torthaí foghlama a athbhreithniú, ar aon dul leis an straitéis fhoriomlán atá i bhfeidhm ag SOLAS agus ag WWETB.	Le ceapachán Oifigigh Forbartha Cláir in 2025, déan Oifig Forbartha Cláir a bhunú, atá ailínithe le forbairt clár céime treasach. Tuilleadh clár treasach a iniúchadh agus a chur chun cinn in 2026, ag tógáil ar ár dtairiscintí treasacha maidir le Gnó agus Altranais Míchumais Intleachtúil.	Oifig Forbartha Cláir bunaithe. I Meán Fómhair 2026, cuirfear leis an gclár treasach. Iarratas curtha isteach ar fhaomhadh foghlama cumaisc i mBreisoideachas agus Oiliúint.	Oifig Forbartha Cláir bunaithe. Leanfaidh WWETB ag obair le OTOD chun na cláir threasacha a fhorbairt agus a leathnú. Iarratas curtha isteach ar fhaomhadh foghlama cumaisc i mBreisoideachas agus Oiliúint.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.1.5	Feabhas a chur ar chaidrimh agus naisc chriticiúla le ranna ábhartha rialtais, le húdaráis áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile agus meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí is atá na caidrimh sin, go háirithe caidrimh le comhlachtaí tionscail.	Leanúint ar aghaidh ag plé ar bhonn foirmiúil le príomhranna rialtais, údaráis áitiúla, comhlachtaí tionscail agus eile, lena n-áirítear an Fóram Réigiúnach Scileanna, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt agus Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail. Rannpháirtíocht ghníomhach leis an tionscal agus le foghlaimoirí ionchasacha ag an aonad Seirbhís go Gnó le linn 2026 le himeachtaí beartaithe. Athbhreithniú a dhéanamh ar bhallraíocht na gcomhlachtaí seachtracha ag baill d'fhoireann WWETB chun a chinntiú go bhfuil an pearsanra ceart fostaithe agus go bhfuil gach gealltanas seachtrach ag teacht le haidhmeanna straitéiseacha WWETB agus ag tacú leo.	Aiseolas foirmiúil rialta agus scaipeadh faisnéise chuig an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí agus chuig na foirne ceannaireachta sinsearaí (nuair is ábhartha). Líon na n-imeachtaí Athbhreithniú déanta ar roinnt ballraíochtaí.	Rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirne/coistí ilghníomhaireachta. Pleanáladh agus eagraíodh imeachtaí d'fhoghlaimoirí féideartha agus do chomhpháirtithe tionscail le linn 2026. Athbhreithniú déanta ar bhallraíochtaí fhoireann WWETB i gcomhlachtaí seachtracha.
1.1.6	Cur chuige uile-chórais a ghlacadh i leith Bainistíocht Riosca agus bainistíocht Rialuithe Inmheánacha – ar fud gach réimse agus leibhéal den eagraíocht. Áirítear leis sin comhpháirtíochtaí féideartha (m.sh., conraitheoirí, soláthraithe tríú páirtí) a thomhas ó thaobh riosca	Ráiteas Bainistíochta Riosca uasdátaithe. Polasaí Inghlacthachta Riosca uasdátaithe. Athbhreithniú déanta ar Phlean Gnó Bainistíochta Riosca. Clár Rioscaí Corparáide a fhorbairt.	Plean Gnó Bainistíochta Riosca uasdátaithe. Ráiteas Inghlacthachta Riosca uasdátaithe. Polasaí Bainistíochta Riosca i bhfeidhm agus athbhreithnithe.	Plean Gnó Bainistíochta Riosca i bhfeidhm. Ráiteas Inghlacthachta Riosca uasdátaithe. Polasaí Bainistíochta Riosca i bhfeidhm agus athbhreithnithe.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	de agus comhaontuithe seirbhíse agus comhaontuithe eile a chur i bhfeidhm le gach geallsealbhóir.		Clár Riosca Corparáideach i bhfeidhm.	Clár Riosca Corparáideach i bhfeidhm.
1.1.7	Comhaltas de gach Bord agus Coiste de chuid WWETB a athbhreithniú, lena n-áirítear Téarmaí Tagartha gach Boird, Coiste agus líonra inmheánaigh. Déanfar féinmheasúnuithe ar Bhoird/Coistí ar bhonn bliantúil. Forbrófar teimpléid do chlár oibre caighdeánaithe agus do mhiontuairiscí caighdeánaithe.	Déanfar athbhreithniú ar bhallraíocht na mBord Bainistíochta agus na gcoistí chun a chinntiú go gcomhlíonann siad na treoirlínte ábhartha. Déanfar athbhreithniú ar théarmaí tagartha coistí. Déanfar féinmheastóireacht bhliantúil ar an mBord agus ar a choistí. Déanfar clár oibre caighdeánach agus teimpléad miontuairiscí do chruinnithe bhord bainistíochta na scoile a fhorbairt agus cuirfear oiliúint ar fáil	Beidh an comhdhéanamh ceart ag Bord Bainistíochta agus ag coistí gach scoil. Déanfar athbhreithniú ar théarmaí tagartha coistí. Féinmheasúnuithe curtha i gcrích Líon na ndaoine curtha faoi oiliúint. Teimpléid forbartha agus in úsáid.	Gach scoil ag comhlíonadh na riachtanais BB. Gach coiste ag comhlíonadh na téarmaí tagartha atá acu. Athbhreithniú bliantúil ar théarmaí tagartha an Bhoird agus a choistí. Déanfaidh an Bord agus na coistí féinmheasúnachta. Oiliúint curtha ar fáil do Bhoird Bhainistíochta Teimpléid forbartha.
1.1.8	Athbhreithniú a dhéanamh ar obair Bhord agus Choistí Alt 45 (an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus an Coiste Airgeadais) WWETB agus a chinneadh conas a leanfaidh siad le ról straitéiseach a imirt sa todhchaí.	Déanfaidh an Bord measúnú ar a fheidhmíocht féin agus ar fheidhmíocht na gcoistí a ghabhann leis.	Measúnú curtha i gcrích do Bhord WWETB, don choiste Iniúcháireachta agus Riosca, agus don Choiste Airgeadais.	Measúnuithe curtha i gcrích faoi dheireadh 2026.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.1.9	Guth an mhic léinn/an fhoghlaimeora a neartú ar fud struchtúir rialachais WWETB.	Tacóidh na feidhmeanna tacaíochta foghlaimeora agus dearbhaithe cáilíochta le Comhairle na bhFoghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna. Tacóidh feachtas le canbhasáil do bhaill nua agus le glacadh leo. I gcomhréir le gealltanas cáilíochta (gníomh athbhreithnithe sheachtraigh DCCÉ), déanfar athbhreithniú foirmiúil ar mheicníocht na comhairle foghlaimeoirí in 2026. (Tá an plean athbhreithnithe curtha i gcrích). Suirbhé deireadh cúrsa an fhoghlaimeora a chur i bhfeidhm. Rinneadh an suirbhé a reáchtáil ar bhonn póilótach le foghlaimeoirí in 2025.	Feachtas póstaer do bhaill nua curtha i gcrích. Cruinnithe rialta den Chomhairle Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna. Athbhreithniú ar an gComhairle Breisoideachais agus Oiliúna agus comhairlí mac léinn curtha i gcrích.	Feasacht mhéadaithe ar Chomhairle na bhFoghlaimeoirí agus ar bhallraíocht nua. Cuireann an t-athbhreithniú ar an gComhairle bonn eolais faoina héifeachtacht agus ar a tionchar. Cruinnithe éifeachtacha de Chomhairle Foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna le reáchtáil go rialta in 2026. Tacaítear le rannpháirtíocht guth foghlaimeoirí ar fud struchtúir rialachais WWETB
1.1.10	Cur chuige aclaí a chur i bhfeidhm don cháilíocht – barr feabhais, feabhas leanúnach agus bunathrú gnó a chur chun cinn.	Cur le hobair an Ghrúpa Stiúrtha Cáilíochta a thug isteach treoirthionscadail feabhsúcháin cáilíochta i bpríomhréimsí ar fud na heagraíochta.	Tionscnaimh feabhsúcháin seolta.	Tionscnaimh feabhsúcháin bunaithe ar fud na heagraíochta.
1.1.11	Creat Nuálaíochta a fhorbairt agus foireann Nuálaíochta a bhunú. Córais athbhreithnithe agus meastóireachta a fhorbairt chun tacú le nuálaíocht ar fud na heagraíochta.	Feabhas a chur ar na creataí a forbraíodh in 2025 chun soláthar foirne agus eastáit a chur san áireamh.	Tá creat bunaithe agus ag feidhmiú mar uirlis chumarsáide agus nuálaíochta.	Creat nuálaíochta bunaithe agus ag feidhmiú ar fud na gclár agus na bhforálacha uile.
1.1.12	Cur i bhfeidhm iomlán Chairt Chustaiméirí WWETB i ngach réimse.	Leanfar le Cairt Chustaiméirí WWETB a chur chun cinn ar fud WWETB.	Cuirtear an Chairt do Chustaiméirí chun cinn agus taispeántar go feiceálach í i ngach scoil agus ionad ar fud WWETB.	Cuirtear an Chairt do Chustaiméirí chun cinn agus taispeántar go feiceálach í i ngach scoil agus ionad ar fud WWETB.
1.1.13	Foireann Feabhais Leanúnaigh a bhunú – Maoirsiú eagraíochtúil a dhéanamh ar an	Leanann obair 2026 an Ghrúpa Stiúrtha Cáilíochta ag cur le tionscnaimh 2025 maidir le feabhsú cáilíochta, thar phríomhréimsí na heagraíochta.	Déantar feabhsuithe a shainiú agus a thomhas i gcoinne an chlár oibre cáilíochta níos leithne do	Déantar feabhsuithe a shainiú agus a thomhas i gcoinne an chlár oibre cáilíochta níos leithne do WWETB.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	bhfeabhas leanúnach agus ar an gcáilíocht, lena n-áirítear ó thaobh seirbhís do chustaiméirí a sheachadadh.		WWETB.	
1.1.14	Clár a fhorbairt chun cleachtais Athmhachnamhacha agus cleachtais Aisiríocha a chur chun feidhme ar fud gach réimse de WWETB.	Déanfar athbhreithniú ar an ngíomh straitéiseach chun idirdhealú a dhéanamh idir cur i bhfeidhm na gcleachtas aisiríocha agus na gcleachtas athmhachnamhacha. Dírigh ar an Modúl Cleachtais Aisiríoch DCCÉ5 forbartha a ghlacadh. Deiseanna a aithint chun oiliúint a chur ar sheachadadh mhúnla an oiliúinora i gceantair roghnaithe in 2026, agus é mar aidhm acu é a rolladh amach.	Bunófar grúpa oibre scoile don chleachtas athmhachnamhacha amháin.	Faoi dheireadh na bliana acadúla 2025/26, tá measúnú ar chur i bhfeidhm reatha an chleachtais aisiríoch i scoileanna beartaithe.
1.1.15	Clár breisithe Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa a chur chun feidhme, áit a ndéanfar iniúchtaí agus athbhreithnithe, a gcuirfear sceideal oiliúna chun feidhme agus a bhforbrófar foirmeacha teimpléadacha.	Soláthrófar oiliúint bhreise Sláinte agus Sábháilteachta mar is gá chun go mbeidh daoine cáilithe i gcónaí. Áireofar leis seo garchabhair, láimhsiú sábháilte, bheith ag obair in airde, feasacht maidir le ceimiceáin, cógas a riar, othair a láimhseáil go sábháilte agus oiliúint eile más gá. Déanfar feasacht sláinte agus sábháilteachta, ar a fhreagrachtaí dlíthiúla agus rialála, a sheachadadh ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí. Forbrófar aon teimpléid measúnaithe riosca do ghníomhaíochtaí nach bhfuil san áireamh sa ráiteas sláinte agus sábháilteachta nuair is gá.	Oiliúint curtha ar 100 duine ar a laghad. Oiliúint Foirne Ardbhainistíochta curtha i gcrích. Forbraíodh líon na dteimpléad measúnaithe riosca.	Tá deimhniú sláinte agus sábháilteachta cothrom le dáta do gach ball foirne. Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta curtha i gcrích. Teimpléid mheasúnaithe riosca forbartha mar is gá.
1.1.18	Cur i bhfeidhm cur chuige struchtúrtha i leith forbartha, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú beartais.	Déanfar córas Dearg Ómra Glas a fhorbairt chun polasaí scoile a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh air. Cuirfear teimpléid pholasaí atá forbartha go lárnach ar fáil do bheartais scoile nuair is féidir. Leanúint ar aghaidh ag obair chun beartais agus nósanna imeachta coiteanna atá ann cheana ag Breisoideachas agus Oiliúint a shoiléiriú.	Beartais forbartha nó athbhreithnithe.	Déanfar na teimpléid polasaí scoile seo a leanas a athbhreithniú agus/nó a fhorbairt le linn na bliana acadúla 2025/26 nó 2026/27 i gcásanna áirithe, ag brath ar fhoilsiú treoirlínte náisiúnta ábhartha: Polasaí um Chuimsiú Scoile Uile

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
				(ina gcuimsítear Béarla mar Theanga Bhreise (EAL)), Polasaí Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe, teimpléad Beartais Duine le Duine, Cód Iompair ina gcuimsítear Iompraíochtaí Imní agus Ráiteas um Chumhdach Leanai.
1.1.19	Caighdeán Ghaeilge a chur chun feidhme ar fud WWETB trí chlár a fhorbairt agus trí oiliúint a chur i bhfeidhm do bhaill foirne.	Déanfar suirbhé maidir le cumas sa Ghaeilge ar fud na heagraíochta agus úsáidfear é seo mar thagarmharc do riachtanais oiliúna a bhunú.	Suirbhé a chur i gcrích	Suirbhé curtha i gcrích.
1.1.22	Comhoibriú le Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais chun cabhrú le samhail um sheirbhísí comhroinnte a sholáthar amach anseo le haghaidh oibríochtaí airgeadais agus chun pleanáil don tsamhail sin.	Rachaidh WWETB i dteagmháil le Seirbhísí Airgeadais Comhroinnte ESBS chun rolladh amach réitigh seirbhíse comhroinnte a phleanáil don toadhchá.	Réitigh nua curtha i gcrích go rathúil.	Cuir aon réitigh a shainithnítear don bhliain i bhfeidhm.
1.1.23	Cur leis an gcumas atá ag an bhfeidhm tuairiscithe deise airgeadais, agus leis an úsáid a bhaintear aisti, chun faisnéis airgeadais atá suas chun dáta a thabhairt don lucht ardbhainistíochta chun cabhrú leis an gcinnteoireacht.	Déanfar athbhreithniú ar an úsáid a bhaintear as faisnéis airgeadais chun cuidiú le cinnteoireacht san ardbhainistíocht.	Deais airgeadais láidir i bhfeidhm.	Úsáid a baint as sonraí airgeadais sa chinnteoireacht.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.1.24	Buiséadú láraithe a chur i bhfeidhm don Bhreisoideachas agus Oiliúint atá ailínithe do riachtanais an samhla maoinithe nua SOLAS chun acmhainní leordhóthanacha a sholáthar do chlár, freastal ar riachtanais foghlaimoírí, agus buiséadú agus tuairisciú feabhsaithe a sholáthar don Bhreisoideachas agus Oiliúint.	Leanann solas lena riachtanais bhuiséadaithe a athbhreithniú, agus tá teimpléad caighdeánach nua á fhorbairt faoi láthair i gcomhar le ESBS agus solas le haghaidh tuairisciú Breisoideachais agus Oiliúna. Tacóidh an teimpléad seo le buiséadú agus tuairisciú níos cruinne, ag cinntiú go bhfuil ár bpróisis ag teacht le riachtanais mhaoinithe.	Buiséadú láraithe a chur chun feidhme don bhreisoideachas agus oiliúint, ar buiséad é a bheidh ailínithe le ceanglais shamhail nua cistiúcháin SOLAS.	Buiséadú láraithe a chur chun feidhme don bhreisoideachas agus oiliúint, ar buiséad é a bheidh ailínithe le ceanglais shamhail nua cistiúcháin SOLAS.
1.1.26	Ceanglais reachtúla tuairiscithe pinsean a chur chun feidhme i gcomhar le Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais, leis an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus le Tascghrúpa Pinsean Bhoird Oideachais agus Oiliúna Éireann.	I gceannas ar an obair seo tá ESBS agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chomh maith leis an Tascghrúpa Pinsin de chuid na mBOOnna. Chun tacú leis an obair seo i 2026, beidh WWETB ag lorg luacháil achtúireach iomlán, lena n-áirítear ráitis sochair bliantúla do bhaill, agus déanfar stair seirbhíse fostaithe a uasdátú.	Sroicheadh garspriocanna ESBS.	Sroicheadh garspriocanna ESBS.
1.1.27	Tacú le scoileanna agus iad ag cur i bhfeidhm na straitéise 2022 Ag Féachaint ar ár Scoileanna trí phróiseas féinmheastóireachata na scoile..	Leanfar le ham a thabhairt i gcruinnithe na bPríomhoidí/Leas-Phríomhoidí chun an clár Ag Féachaint ar ár Scoileanna a phlé (LAOS) (2022), chomh maith le Féinmheasúnú Scoile /pleanáil do Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS). Ag gach cruinniú de Phobal Cleachtais WWETB, nascann múinteoirí an ghníomhaíocht nó an tionscnamh go sainráite le LAOS/Féinmheasúnú Scoile.	Athbhreithnithe déanta ar bhonn rialta.	Athbhreithnithe ar bhonn rialta maidir le dul chun cinn ag gach cruinniú Pobal Cleachtais.
1.1.28	Éiteas Scoileanna Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman a chur chun feidhme ar fud na scoileanna uile.	Tuileadh leabaithe a dhéanamh i scoileanna ar Chreat na bPátrún ar bhealach struchtúrtha de réir a bplean áitiúil um Fheabhsú Scoile/Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (DEIS). Cur leis na gníomhaíochtaí agus na himeachtaí ó 2025. Tacófar le scoileanna Curaclam na bPátrún a thabhairt	Cruinnithe rialta Pobail Cleachtais agus cruinnithe scoile aonair a réachtáil.	Beidh cuid dá spriocanna leagtha amach ina bhFeabhsú Scoile bainte amach ag scoileanna Clár/plean DEIS ag baint le héiteas. Éiteas agus Comhordaitheoirí Cuimsithe

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
		isteach mar is cuí. Spreagfar forbairt na Foirne Éiteas Scoile, an clár ceannaireachta LIFT do mhic léinn agus Ambasadóirí Éiteas.		WWETB chun freastal ar imeacht foghlama comhroinnte BOOÉ.
1.1.29	ETIM/ETIEM a chur chun cinn ar fud ár scoileanna – iarracht a dhéanamh rannpháirtíocht a mhéadú.	Leanúint ar aghaidh ag cur maoiniú Deontais Taighde Eolaíochta WWETB ar fáil do Scoileanna chun tionscadail taighde in ábhair ETIM a spreagadh. Leanfar le rolladh amach na Modúl Bithéagsúlachta (Eolaíocht na Saoránach agus Fálta Sceach) do gach scoil agus d'ionaid ábhartha.	Scaipfear eolas agus cuirfear chun cinn é chuig gach scoil.	Líon na n-iarratas ar dheontas i scoileanna a mhéadú ó sheacht go naoi gcinn.
1.1.32	Clár Oideachais agus Oiliúna Allamuigh WWETB a fhorbairt, i gcomhréir leis an bhfís don tsaoaráid nua den scoth ag Sliabh Fhothart, Loch Garman.	Oibreoidh WWETB le Comhairle Contae Loch Garman chun teach bád nua a fhorbairt ag Sliabh Fhothart chun Oideachas agus Oiliúint Allamuigh atá bunaithe ar uisce a sheachadadh. Tús a chur le hobair ar an bPlean Straitéiseach d'Oideachas agus Oiliúint Allamuigh WWETB.	Saoráid i bhfeidhm agus ag oibriú. Is léir go bhfuil an tsaoaráid agus gníomhaíochtaí Oideachas agus Oiliúint Allamuigh Shliabh Fhothart faoi lán seoil. Plean Straitéiseach	Saoráid teach bád oibríochtúil ina mol le haghaidh gníomhaíochtaí uiscebhunaithe méadaithe agus naisc le heagraíochtaí eile. Cúrsaí faoi lán seoil roimh Samhradh 2026 ag Sliabh Fhothart. Rinneadh obair a éascú le heagraíochtaí comhpháirtíochta Fómhar 2026. Plean Straitéiseach
1.1.34	Straitéis cúig bliana a fhorbairt agus a chur chun feidhme do Ghiniúint Ceoil Loch Garman, ar aon dul le cuspóirí na straitéise náisiúnta um Ghiniúint Ceoil agus comhpháirtíocht um Oideachas Ceoil a thabhairt isteach chun tacú leis an glcár.	Straitéis cúig bliana a chomhlánú agus a sheoladh do Music Generation Loch Garman le tacaíocht ó Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil. Déan obair na Comhpháirtíochta Oideachais Ceoil Áitiúil a éascú agus a thacú.	Comhairliúchán críochnaithe agus straitéis seolta. Freastal maith ar chruinnithe Comhpháirtíochta Áitiúla Oideachais Ceoil.	Téarmaí Tagartha a fhorbairt don Chomhpháirtíocht Téarmaí Tagartha comhaontaithe agus Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Áitiúil i bhfeidhm.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhthascairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.1.35	Straitéis cúig bliana a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do Music Generation Phort Láirge, i gcomhréir le cuspóirí na straitéise náisiúnta Music Generation agus Comhpháirtíocht Áitiúil Oideachais Ceoil a chur i bhfeidhm chun tacú leis an gclár.	Straitéis cúig bliana a chomhlánú agus a sheoladh do Music Generation Loch Garman le tacaíocht ó Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil. Déan obair na Comhpháirtíochta Oideachais Ceoil Áitiúil a éascú agus a thacú.	Comhairliúchán críochnaithe agus straitéis seolta. Freastal maith ar chruinnithe Comhpháirtíochta Áitiúla Oideachais Ceoil.	Téarmaí Tagartha a fhorbairt don Chomhpháirtíocht Téarmaí Tagartha comhaontaithe agus Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Áitiúil i bhfeidhm.
1.1.36	Trí chomórtais agus trí thaispeántais, deiseanna a fhorbairt do mhic léinn/foghlaimeoirí WWETB chun cur leis an gcoincheap a bhaineann le pobal comhleanúnach a bheith ann laistigh de WWETB.	Gníomhaíochtaí trascholáiste a phleanáil agus a sheachadadh lena n-áirítear In Harmony 2026, imeacht Cluiche Corr WWETB, imeacht fichille WWETB, imeacht trastíre WWETB, foirne CLG WWETB, imeachtaí WWETB GAEL.	Reachtáladh imeachtaí rathúla.	In Harmony, Márta 2026. Imeacht Cluiche Corr WWETB, Bealtaine 2026. Imeacht Fichille WWETB, Aibreán 2026 Imeacht trastíre WWETB, Samhain 2026. Foirne CLG fhoireann WWETB. Imeachtaí WWETB GAEL - le linn na scoilbhliana 2025-26 agus na scoilbhliana 2026-27 ag brath ar athbhreithniú 2025-26.

1.2 Tosaíocht Straitéiseach: Teagasc agus Foghlaim Ardcháilíochta

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhthascairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.2.1	Cur chuige cuimsitheach a ionchorprú i leith oideachais agus oiliúna agus straitéisí a fhorbairt chun bacainní ar rannpháirtíocht a laghdú.	Leanfaidh pobal cleachtais na gcomhordaitheoirí riachtanas speisialta oideachais de bheith ag forbairt agus ag athbhreithniú teimpléad comhroinnte le haghaidh tacaíocht do dhaltai, lena n-áirítear teimpléid laistigh d'ardán pólótach AI. Soláthrófar tuilleadh forbartha gairmiúla leanúnaí/oiliúna i scagadh agus i dtástáil	Leanúint de ghníomhaíochtaí pobail cleachtais amhail piara - go - piara/ scáthú le haghaidh scagthástála/tástála diagnóiseacha /(Socrúithe Réasúnta ag Scrúduithe Teastais - RACE).	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach a úsáid ar thástálacha ar leith nuair is gá. Céim bailithe sonraí do 10 scoil ar siúl.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
		Leanúint de thionscnamh Oideachas Speisialta Cuimsitheach (RISE) BOOÉ a chur i bhfeidhm i ngach iar-bhunscoil WWETB. Tacú le scoileanna leis an athbhreithniú ar an gcéad chéim agus ar an socrú spriocanna don timthriall reatha nó don chéad timthriall eile i gcomhthéacs treoirlínte náisiúnta nuashonraithe. Forbairt agus fás leanúnach ar an bPobal Cleachtais do mhúinteoirí Béarla mar Theanga Bhreise (EAL). A chinntiú go mbaintear úsáid chuí as gach maoiniú, leithdháileadh múinteoirí agus tacaíochtaí eile a chuireann an Roinn Meánscoil San Nioclás ar fáil faoin Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. A chinntiú go bhfuil rochtain ag foghlaimeoirí Breisoideachais agus Oiliúna ar shainaithint Riachtanais Foghlaimeoirí agus ar thacaíochtaí arna dtreorú ag seirbhísí tacaíochta d'fhoghlaimeoirí Comhionannais, Éagsúlachta agus Cuimsithe (CÉI). Rachaidh WWETB i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus Óige, le Seirbhísí Tacaíochta Oideachais Tusla (TESS) agus le BOOÉ chun tacú le creat nua fostaíochta agus seachadta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm don Chlár Críochnaithe Scolaíochta, mar ullmhúchán don aistriú chuig samhail choimisiúnaithe seirbhíse Alt 56 laistigh den earnáil BOO.	Príomhtháscairí Feidhmíochta Méadaigh an líon daoine a ghlacann leis an tacaíocht a chuirtear ar fáil. Leanúint ar aghaidh ag spreagadh Meánscoil San Nioclás chun leas a bhaint as deiseanna a chuireann BOOÉ ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge. Tháinig méadú ar choinneáil agus ar ghnóthachtáil foghlaimeora. Tacaíocht a aithint trí shuirbhéanna ar fhoghlaimeoirí. Fianaise ar rannpháirtíocht agus ullmhacht WWETB chun an creat náisiúnta um polasaí agus coimisiúnú an Chláir Críochnaithe Scolaíochta atá ag teacht chun cinn a chur chun feidhme.	Cuairteanna scoile ón gComhordaitheoir Oideachais/Ionchuimsithe de réir mar is gá. FGL a sheachadadh de réir mar a iarrann an fhoireann. Déantar measúnú ar gach foghlaimeoir ar iontráil agus comhlíontar a riachtanais tacaíochta nuair a cheadaíonn acmhainní. Rannpháirtíocht WWETB i ngach próiseas rannpháirtíochta agus comhairliúcháin ábhartha leis an Roinn Oideachais agus Óige/ TESS / BOOÉ.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.2.3	Struchtúr a fhorbairt chun tacú leis an anailís ar ghnóthachtáil acadúil ar fud scoileanna WWETB.	Ag tagairt do 1.1.1 – Próiseas athbhreithniú a fhorbairt ar ghnóthachtáil i scoileanna.	Forbairt déanta ar phróiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnóthachtáil acadúil i scoileanna.	Próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnóthachtáil acadúil i scoileanna a fhorbairt.
1.2.4	Polasaí institiúideach a fhorbairt maidir leis an bhFoghlaim Chumaisc ar fud chlár bhreisoideachais WWETB.	Coiste Stiúrtha bunaithe chun Plean Gníomhaíochta WWETB maidir leis an bhFoghlaim Chumaisc a chur chun cinn (nasctha le Gníomh 6.1.1). Straitéis Foghlama Cumaisc um Breisoideachais agus Oiliúna, Polasaí agus Nós Imeachta faofa agus i bhfeidhm.	Raon Soláthair na Foghlama Cumaisc ceadaithe.	Na cláir chumaisc tosaigh a bhailíochtú. Méadú ar acmhainn an tsoláthair foghlama cumaisc.
1.2.5	Modhanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe atá nua-aimseartha agus forásach a leabú, lena n-áirítear modheolaíochtaí agus teicneolaíochtaí foghlama cumaisc.	Forbrófar go comhoibríoch polasaí measúnachta don mhúinteoireacht agus don fhoghlaim in iarbhunscoileanna ar fud WWETB.	Forbairt an dréachtbheartais. Teagasc, Foghlaim, Measúnú agus Tuairisciú (TFMT) bunaithe le déanaí chun dréachtbheartas a fhorbairt.	Dréachtpholasaí múinteoireachta, foghlama agus measúnaithe faoi dheireadh na bliana acadúla 2025/26.
1.2.6	Cur le rannpháirtíocht bhaineann ar fud clár oiliúna agus phrintíseachta WWETB.	Scoláireacht ceardaíochta baineann WWETB amháin a chur chun cinn. Déan físeán gairid le teistiméireachtaí /scéalaíocht reatha na bprintíseach mná a léiriú. Cuairteanna banphrintíseach ar iar-bhunscoil roimhe seo a éascú.	Ábhar Promóisin 2026 ullmhaithe. Bogsheoladh físeán bolscaireachta. Chuaigh A.O in éineacht le printíseach chun cainteanna scoile.	Ábhar bolscaireachta a dháiltear ar gach scoil, ionad Breisoideachais agus Oiliúna, seirbhís óige agus fostóir ar an eolas faoi scoláireacht. Foilsigh chuig gach cainéal meán sóisialta de chuid WWETB. Thugamar cuairt ar fhorhmór na scoileanna baineanna agus comhoideachais ar fad ina ndearna na printísigh baineanna staidéar.
1.2.8	Struchtúr láidir a fhorbairt le haghaidh teagmháil le fostóirí i ndáil le taithí oibre agus socrúcháin oibre,	Beartais don taithí oibre a uasdátú agus iad a chur i bhfeidhm chun comhsheasmhacht a chruthú ar fud ár scoileanna.	Athbhreithniú a dhéanamh ar pholasaí agus nósanna imeachta reatha. Grúpa oibre le bunú faoi stiúir Seirbhísí	Polasaí nua i bhfeidhm in am don bhliain acadúil 2025/26.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	lena n-áirítear athbhreithnithe comhsheasmhacha ar shocrúcháin oibre/taithí oibre. A chinntiú go gcuirfear an polasaí um thaithí oibre chun feidhme go comhsheasmhach ar fud gach Coláiste agus Ionaid.	Iniúchadh a dhéanamh ar Chóras Bainistíochta Caidrimh Cliant a thabhairt isteach chun rannpháirtíocht éifeachtach le fostóirí a bhainistiú.	Corparáideacha. Córas bunaithe chun cumarsáid le príomhfhostóirí a bhainistiú. Foghlaimoirí WWETB ag baint tairbhe as acmhainneacht an chórais.	Tá córas chun dul i ngleic le raon leathan fostóirí á thriail.

1.3 Tosaíocht Straitéiseach: Earcaíocht agus Ionduchtú

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.3.1	Gach próiseas agus doiciméad earcaíochta a chaighdeánú ar aon dul leis an dea-chleachtas san earnáil phoiblí.	Taighde á dhéanamh ar dhea-chleachtas in earcaíocht san earnáil phoiblí, lena n-áirítear riachtanais dhlíthiúla, agus caighdeán éagsúlachta, comhionannais agus ionchuimsitheachta. Príomhréimsí a shainaithint don fheabhas agus nuálaíocht.	Próisis iarratais a chur i bhfeidhm atá oiriúnach do dhaoine faoi mhíchumas. Plean fógraíochta a chur i bhfeidhm chun lucht saothair éagsúil a mhealladh.	Taighde ar an dea-chleachtas agus príomhréimsí feabhais a shainaithint.
1.3.2	Bainistíocht ar an aistriú chuig an R-Earcaíocht i ngach comórtas earcaíochta.	Déanfaidh an fhoireann Acmhainní Daonna iniúchadh ar an úsáid a bhaintear as an gcóras nua Ríomhearcaíochta chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as, ag bogadh chuig tuairisciú ar mhéadrachtaí earcaíochta, ag uathoibriú sreafaí oibre a nascadh agus ag giniúint tuarascálacha chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí.	Cumas tuairiscithe ríomhearcaíochta. Úsáid ríomhearcaíochta a úsáid ar phainéil gníomhaireachta agus fo-phainéil.	Tá an córas iarratais ríomhearcaíochta i bhfeidhm. Rachaidh sé ar aghaidh anois chun leas a bhaint as an gcumas is fearr atá aige.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.3.4	Tríd an bpróiseas earcaíochta, cinnte a dhéanamh de go bhfuil an cumas agus solúbthacht ag an bhfoireann tascanna a dhéanamh in áit oibre nua-aimseartha (m.sh., scileanna TF, tras-scileanna), agus go léiríonn an fhoireann a earcaítear meas ar luachanna WWETB sa Ráiteas Straitéise.	Leanfar leis an struchtúr agallaimh bunaithe ar inniúlachtaí. Tabharfar tús áite d'iarthóirí a shainaitheant a bhfuil inniúlachtaí TF láidre acu, agus tras-scileanna ar nós fadhbanna a réiteach, scileanna comhoibrithe agus cumarsáide chun freastal ar riachtanais áit oibre nua-aimseartha.	Mealladh agus coinneáil foirne ag a bhfuil na scileanna riachtanacha chun tacú le seachadadh thosaíochtaí straitéiseacha WWETB.	Oiliúint maidir le hagallaimh bunaithe ar inniúlachtaí curtha ar chomhlachtaí Boird.
1.3.5	Cur leis an bpainéal agallaimh, chun a chinntiú go mbeidh réimse leathan saineolais ann. Oiliúint agallaimh i bhfeidhm do bhaill foirne a bhfuil baint acu le painéil agallaimh. Áireofar leis seo– oiliúint bunaithe ar inniúlachtaí, oiliúint sa Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, oiliúint sa Chlaontacht Neamh-chomhfhiosach agus i gcúrsaí Rochtana.	Neartófar an próiseas earcaíochta agus roghnúcháin tríd an bpainéal agallaimh a éagsúlú chun daoine a bhfuil saineolas agus léargas faoi leith acu a thabhairt isteach. Cuirfear clár oiliúna struchtúrtha i bhfeidhm don fhoireann go léir a bheidh ag glacadh páirte i bpainéil agallaimh. Clúdófar réimsí ar nós teicnící agallaimh bunaithe ar inniúlachtaí, Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú, oiliúint sa chlaontacht neamh-chomhfhiosach, etc.	Líon leordhóthanach daoine oile in agallaimh bunaithe ar inniúlachtaí agus claontacht neamh-chomhfhiosach.	Baill nua faighte do phainéil agallaimh agus oiliúint curtha orthu. Cur leis na modúil oiliúna agallaimh chun go gclúdófar claontacht neamh-chomhfhiosach agus rochtain.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha sa bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.3.6	Clár Ionduchtúcháin a fhorbairt ar fud WWETB do bhail foirne nua.	Clár ionduchtaithe corparáideach agus ionduchtaithe áitiúil cuimsitheach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud WWETB chun tacú le baill foirne imeascadh gan stró san eagraíocht agus tacú leo ailíniú le luachanna, misean agus spriocanna na heagraíochta.	Beartais agus seicliostaí ionduchtúcháin a thabhairt chun críche. Seicliostaí ionduchtúcháin curtha i bhfeidhm. Polasaí ionduchtúcháin curtha i bhfeidhm. Ionduchtúchán corparáideach curtha chun críche agus réidh le cur i bhfeidhm.	Clár ionduchtúcháin forbartha agus curtha chun feidhme
1.3.7	Clár Ionduchtúcháin a fhorbairt ar fud WWETB, lena n-áirítear tacaíocht dhíríthe d'fhostaithe nua agus córas meantóireachta a fhorbairt.	Forbrófar agus cuirfear i bhfeidhm clár ionduchtúcháin ar fud WWETB a thacaíonn le fostaithe nua agus iad ag teacht isteach san eagraíocht trí threoir struchtúrtha, acmhainní spriocdhíríthe, agus tacaíocht piar le piar. Bunófar córas 'páirtíochta' chun baill foirne nua a phéireáil le comhghleacaithe a bhfuil taithí acu ar féidir leo comhairle phraiticiúil a chur ar fáil, ceisteanna a fhreagairt, agus timpeallacht fháilteach a chothú. Baileofar aiseolas go rialta chun feabhas a chur ar an bpróiseas ionduchtúcháin, chun a chinntiú go mbeidh sé ábhartha agus éifeachtach agus é ag tacú le fostaithe nua.	Leabhrán nua tosaithe a chur i bhfeidhm le príomhtheagmhálacha etc. agus príomhleabhrán polasaithe le seoladh ón bhfoireann ionduchtaithe acmhainní daonna. Córas páirtíochta forbartha. Struchtúr meastóireachta agus aiseolais i bhfeidhm.	Tabharfar faoi athbhreithniú chun míreanna eile a shainaithint atá le cur le ionduchtú. Córas páirtíochta forbartha a chur i bhfeidhm le tosú. Forbraíodh próiseas nua meastóireachta ionduchtúcháin tosaithe agus tá sé le cur i bhfeidhm agus le hathbhreithniú a dhéanamh ar aiseolas ar bhonn rialta.
1.3.8	Cairt Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta WWETB a chur i bhfeidhm chun tacú le lucht saothair éagsúil.	Forbrófar straitéis Chomhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta, agus tacófar leis an Oifigeach Rochtana agus Míchumais chun é seo a chur i bhfeidhm.	Polasaí CÉI forbartha.	Polasaí CÉI curtha i bhfeidhm.

1.4 Tosaíocht Straitéiseach: Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil/Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
1.4.1	Anailís a dhéanamh ar riachtanais scileanna do gach réimse feidhme, a bheidh mar thoradh uirthi ná go mbeidh cur chuige pleanáilte maidir le FFG.	Athbhreithniú FFG níos leithne le comhaontú don eagraíocht ar fad. Sainaitheofar réimse FLG laistigh de gach Pobal Cleachtais scoile. Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartais um Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil chun riachtanais FFG na heagraíochta a aithint. Bainisteoir Oiliúna Airgeadais – anailís ar riachtanais scileanna don Ardbhainistíocht, Príomhoidí san áireamh.	Athbhreithniú iomlán ar struchtúr agus cur chuige FFG. FGL a fháil agus a eagrú nuair a aithnítear go bhfuil gá léi.	Athbhreithniú ó bharr anuas ar FFG le déanamh ar son na heagraíochta. Na chéad chéimeanna eile a comhaontaíodh maidir le cur chun feidhme. Méadú ar líon na mball foirne a bhaineann úsáid as maoiniú FFG.
1.4.2	An tsamhail um Pobail Chleachtais atá ar bun ar fud na heagraíochta a fhorbairt tuilleadh chun feabhas a chur ar chleachtas comhoibríoch, lena n-áirítear chun líonraí tacúla a bhunú ar fud seirbhísí teagaisc agus riaracháin.	Forbairt leanúnach agus méadú ar fhoirne Múinteoireachta agus Foghlama i ngach scoil. Tuilleadh forbartha/leanúint leis an gclár i 14 Pobal Cleachtais trascholáiste le Pobail Chleachtais, ábhair faoi leith agus comhordaitheoirí clár.	Freastal ar/páirt a ghlacadh in imeachtaí aghaidh ar aghaidh agus ar líne ar MS Teams. Méadú ar mhéid na n-acmhainní/smaointe a uaslódáiltear/roinntear san fhoireann Príomhchleachtóirí ar líne mar aon le foirne scoile aonair.	Foireann Teagaisc, Foghlama, Measúnaithe agus Tuairiscithe (TFMT) i ngach scoil faoi dheireadh na scoilbhliana 2025-26.
1.4.3	Oiliúint rialachais a sholáthar do Choistí, do Bhord WWETB, do Bhainisteoirí agus do bhaill foirne a dhéanann ionadaíocht do WWETB	Cuirfear Oiliúint Rialachais ar fáil do bhoird bhainistíochta scoile. Cuirfear Oiliúint Rialachais ar fáil do Choistí Ógtheagmhála agus Coistí um Obair don Aos Óg.	Líon na ndaoine ag fáil na hoiliúna. Líon na ndaoine ag fáil na hoiliúna.	Oiliúint curtha ar fáil do bhoird bhainistíochta agus do choistí. Oiliúint curtha ar fáil do chomhaltaí coiste.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	ar Bhoird/Coistí rialachais agus formhaoirseachta.			
1.4.4	Leanfar leis an gcomhoibriú gníomhach le grúpaí oibre agus pobail chleachtais ó BOOÉ chun eolas a roinnt agus don fhorbairt ghairmiúil.	Leanúint ar aghaidh ag déanamh ionadaíochta do scoileanna ar Thascghrúpa an Chomhordaitheora um Mapáil/Cuimsiú Soláthair BOOÉ. Stiúrthóir Scoileanna chun páirt a ghlacadh i bhfóiraim agus/nó i meithleacha ábhartha/comhchathaoirligh. Rannpháirtíocht le gach grúpa oibre BOOÉ a chinntiú lena n-áirítear Seirbhísí Corparáideacha, Foirgnimh, Saoráil Faisnéise/Cosaint Sonraí, líonraí TF agus Soláthair.	Freastal ar gach cruinniú.	Freastal rialta/Iomlán orthu seo ag an bhfoireann chuí a dhéanann ionadaíocht ar WWETB.
1.4.5	Cur leis an gcaidreamh a forbraíodh le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt chun tacú le forbairt ghairmiúil agus chun bogadh i dtreo oideachas treasach	Leanfaidh WWETB air ag obair le OTOD chun tacú le baill foirne forbairt ghairmiúil a bhaint amach trí chlár creidiúnaithe le OTOD agus cead freastal ar sheimineáir agus comhdhálacha ábhartha. Clár chéime treasach a leathnú do 2026. Dul chun cinn a dhéanamh maidir le campas treasach a fhorbairt i Loch Garman.	Baill foirne cláraithe le haghaidh clár forbartha gairmiúla le OTOD agus le freastal ar chomhdhálacha agus seimineáir. Comhoibriú láidir maidir le deiseanna clár treasach a aithint. Cás gnó tugtha chun críche.	Clár forbartha gairmiúla leanúnacha ábhartha tugtha chun críche Baill foirne cuí i láthair ag na himeachtaí seo thar ceann WWETB. Cuireadh síneadh ama le tairiscint chlár céime treasacha WWETB. Cás gnó a thabhairt chun críche don champas treasach.
1.4.6	Sásraí aiseolais agus comhairliúchán struchtúrtha a fhorbairt ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear deiseanna chun dul i ngleic le guth na ndaltaí/na bhfoghlaimoirí fásta.	Comhairle Foghlaimoirí WWETB a éascú. Coiste Comhairleach um Míchumas Mac Léinn a bhunú. Teagmháil a dhéanamh le AONTAS - Fóram Náisiúnta Foghlaimoirí.	Comhairle na bhFoghlaimoirí ag feidhmiú go maith. Guth méadaithe um míchumas. Freastal maith agus	Tagann an Chomhairle le chéile ar bhonn rialta. Coiste Comhairleach um Míchumas curtha ar bun. Ionadaíocht láidir ag an bhFóram ó

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
		Tacú le Suirbhé Cúrsa DC a thabhairt isteach. Iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt aip WWETB d'fhoghlaimeoirí.	éifeachtach ar imeachtaí Fhóram na bhFoghlaimeoirí. Suirbhé é reáchtáil ag deireadh an chúrsa. Déantar aip WWETB d'fhoghlaimeoirí a thriail.	gach réimse soláthair. > Tuairisceán 30% ar shuirbhéanna ar fhoghlaimeoirí. Déantar aip an fhoghlaimeora a dhearadh agus a thriail.
1.4.7	Clár Ceannaireachta Scoileanna a chur chun feidhme ar fud gach Scoile agus Coláiste.	Neadóidh ceannairí scoile sinsearach an próiseas bliantúil maidir le machnamh, athbhreithniú agus pleanáil le ceannairí scoile meánleibhéil mar atá leagtha amach i gCiorclán 0003/2018. Cuirfear chun cinn Scoil Samhraidh BOOÉ do cheannairí meánleibhéil.	Tuarascáil Bhliantúil ar cheannaireacht scoile curtha isteach ag deireadh na bliana acadúla 2025/26.	Tuarascáil Bhliantúil ar cheannaireacht scoile curtha isteach ag deireadh na bliana acadúla 2025/26. Glacann meáncheannairí páirt i Scoil Samhraidh BOOÉ 2026.

Sprioc Straitéiseach 2: Scoileanna agus Coláistí Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí

Faoi 2030, beidh saoráidí úrscothacha ag WWETB don fhoireann agus do mhic léinn/foghlaimeoirí fásta. D'oibrigh WWETB go dlúth leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta chun a chinntiú go bhfuil infheistíocht shuntasach agus chuig á déanamh inár mbonneagar fisiciúil. Tá saoráidí againn anois ar fud Phort Láirge agus Loch Garman as a bhfuil ag an bhfoireann agus a spreagann ár mic léinn/foghlaimeoirí fásta chun foghlama. Laistigh de chontaetha Phort Láirge agus Loch Garman, tá an soláthair breisoideachais agus oiliúna tugtha le chéile againn nuair a luíonn sé sin le réasún. Tá spásanna teagaisc agus foghlama solúbtha againn, agus is moill thábhachtacha anois iad ár gColáistí agus ár nIonaid. Beidh muid tar éis breathnú níos faide ná teorainneacha an bhonneagair fisiciúil inár straitéis, agus sinn ar an eolas go bhfuil ár saoráidí ina moil thábhachtacha agus ina n-áiteanna cruinnithe tábhachtacha do mhic léinn/foghlaimeoirí aosacha, a chothaíonn cairdeas agus naisc trí idirghníomhaíochtaí sóisialta agus cultúrtha. Tá saoráidí forbartha againn ar aon dul leis an gclár glas ginearálta agus táimid ar thús cadhnaíochta maidir leis seo.

Cén fáth? Tá sé mar aidhm againn timpeallachtaí foghlama optamacha a chruthú mar aon le conair sholúbtha trínár gcláir agus níos faide anonn. Tá a fhios againn go gcuireann áiseanna ardchaighdeán feabhas ar fhoghlaim ardchaighdeán.

2.1 Tosaíocht Straitéiseach: Áiseanna

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
2.1.1	Scoileanna agus ionaid atá beartaithe a sholáthar trí chaidreamh réamhghníomhach leis an Roinn Oideachais, le SOLAS agus leis an Roinn Breisoideachais, Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta maidir le tionscadail bhonneagair cheadaithe. Áirítear na nithe seo leis na tionscadail tosaíochta sa Bhreisoideachas agus Oiliúint: Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i mBaile Loch Garman (an Muileann Bán), Ionad Oiliúna Phort Láirge (tionscadal Techniform), Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna na Todhchaí i gCathair Phort Láirge/saoráid Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt i Sráid an Choláiste, Ionad na Comhghuaillíochta um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta/an Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh in Inis Córthaidh, an tIonad Breisoideachais agus Oiliúna i dTrá Mhór agus Ionad na Saotharlainne Déantúsaíochta i Lios Mór,	Cuirfear na mórthionscadail go léir ar aghaidh tríd na céimeanna tionscadail ábhartha; Cead a fháil chun dul ar aghaidh le Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh de (NZEB) a fhorbairt in Inis Córthaidh. Déanfaimid suíomh Shráid an Choláiste, Port Láirge, a mheas mar shuíomh ina bhféadfaí cuid den soláthar breisoideachais a dhéanann WWETB a lonnú i gcathair Phort Láirge.	Baineadh garspriocanna amach.	Gach tionscadal a chur chun cinn leis na cuspóirí a bhaineann le garspriocanna a bhaint amach san achar ama is fearr is féidir.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	Port Láirge.			
2.1.2	Áirítear na nithe seo leis na tionscadail tosaíochta i scoileanna: Scoil nua 1,000 dalta do Choláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge; Síneadh mór agus athchumraíocht mhór ar Choláiste Pobail Naomh Pól, Cathair Phort Láirge, chun freastal ar 1,000 dalta; Síntí le Coláiste Dhún Garbhán agus le Meánscoil San Nioclás, an Rinn, Port Láirge; Campas Oideachais Bhaile Loch Garman, lena n-áirítear scoil athsholáthair 1,000 dalta do Choláiste Sheilsceire; Síntí móra le hiarbhunskoileanna chun freastal ar rollú méadaithe i gColáiste Bhaile an Droichid, i nGairmcholáiste Bhun Clóidí agus i gColáiste an Átha, Cill Mhucraice, Loch Garman; Síneadh le Pobalscoil Náisiúnta Chill	Cuirfear na mórthionscadail go léir ar aghaidh tríd na céimeanna tionscadail ábhartha; - Coláiste Bhaile an Droichid – cead 2b a fháil; tairiscint agus conraitheoirí le ceapadh. - Pobalcholáiste Bhun Clóidí; cead 2b a fháil; tairiscint agus conraitheoirí le ceapadh. - Baile na Gaoithe (Choláiste Seilsceire): Céim dearaidh a bhogadh ar aghaidh go dtí céim 2a (Dearadh mionsonraithe) - Pobalcholáiste Naomh Pól; Dearadh a bhogadh ar aghaidh go dtí céim 1 - faofa - Pobalcholáiste Naomh Deaglán: Cuir isteach cás gnó le haghaidh foirgneamh scoile nua. - Tionscadail Cóiríochta Breise (Coláiste Abbáin, Coláiste an Átha, Coláiste Uí Chinnéide) Céim 1 le bheith bainte amach - Meánscoil San Nioclás – dul ar aghaidh chuig céim na tairisceana.	Baineadh garspriocanna amach.	Gach tionscadal a chur chun cinn leis na cuspóirí a bhaineann le garspriocanna a bhaint amach san achar ama is fearr is féidir.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	na Manach chun freastal ar rolluithe méadaithe.			
2.1.3	Straitéis SOLAS a chur i bhfeidhm chun Coláistí Breisoideachais na Todhchaí a fhorbairt i bPort Láirge agus Loch Garman.	Plean a fhorbairt chun athlonnú a dhéanamh ar Shráid an Choláiste i gcomhar le OTOD, Port Láirge mar shuíomh le haghaidh comhdhlúthú a dhéanamh ar chodanna de sholáthar WWETB i gcathair Phort Láirge, de réir na Straitéise Solas Coláiste na Todhchaí do chlár Bhreisoideachais agus Oiliúna.	Straitéis i bhfeidhm do chur chuige WWETB don soláthar clár bhreisoideachais agus oiliúna ar fud chathair Phort Láirge.	Straitéis i bhfeidhm do chur chuige WWETB don soláthar clár bhreisoideachais agus oiliúna ar fud chathair Phort Láirge.
2.1.4	An fhoireann foirgneamh laistigh de WWETB a bhreisiú chun ról ghairmiúla amhail Suirbhéir Caimníochta cáilithe agus ailtire cáilithe a chur ar áireamh chun tacú leis an lucht bainistíochta leis an bpunann clár foirgneamh ar fud Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna agus Scoileanna.	Tá foireann a fhostú curtha i gcrích anois. Díreofar ar an bhfoireann in 2026 tionscadail straitéiseacha a sheachadadh chun feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil ar nós córas bainistíochta áiseanna.	Próiseas bainistíochta saoráidí curtha i bhfeidhm.	Tús curtha leis an bpróiseas bainistíochta saoráidí.
2.1.5	Treoirphlean a fhorbairt – pleanáil straitéiseach fhadtéarmach, lena n-áirítear athbhreithniú ar dheiseanna ceannaigh, tógála nó cíosa/léasa. Déanfar athbhreithniú ar shuíomh gach coláiste	Cuirfear an doiciméad straitéise eastáit chun cinn. Bainfear an chéad chéim amach trí chlár sócmhainní mionsonraithe a bhunú ina mbeidh sonraí bunlíne.	Tacar sonraí i bhfeidhm.	Straitéis eastáit agus sonraí gaolmhara á n-úsáid mar uirlis sa phróiseas cinnteoireachta.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	agus ionad, agus ar na modhanna iompair a úsáidtear chun teacht orthu.			
2.1.6	Tacú le líonra feighlithe agus Cúntóirí Ginearálta a fhorbairt chun tuilleadh comhoibrithe ar fud na láithreán a éascú.	Mar chuid den fhorbairt a dhéanfar ar thionscadal bainistíochta áiseanna, reáchtálfar cruinnithe/laethanta oiliúna go háirithe do na baill foirne seo.	Cruinnithe bunaithe.	Dhá chruinniú ar a laghad le reáchtáil i 2026.
2.1.8	Deiseanna maoinithe a lorg chun infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh ardchaighdeán sna coláistí agus sna hionaid.	Leanfar le cláir mhaoinithe a ghairáil ar fud an Bhreisoideachais agus na hOiliúna agus na Roinne Oideachais; deontais seachtracha freisin ar nós deontais trí Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun acmhainn a uasmhéadú sa réimse seo.	Roinnt tionscadail bhreise nua.	Dhá chlár bhreise arna maoiniú ag comhlachtaí seachtracha.
2.1.9	Coláistí agus ionaid a iniúchadh ó thaobh rochtain do dhaoine faoi mhíchumas de agus plean a fhorbairt le haghaidh oibreacha feabhais, lena n-áirítear cistiú a lorg le haghaidh aon uasghráduithe a theastaíonn	Iniúchadh Míchumais le déanamh in 2026.	10 n-iniúchadh déanta.	Iniúchadh déanta ar 10 gcoláiste/ionad in 2026.
2.1.11	Anailís ar athruithe sa soláthar páirtaimseartha vs soláthar lánaimseartha chun tacú le forbairt ar áiseanna, ag cur san áireamh athrú úsáide nó úsáid ilfheidhmeach thar tréimse ama. Déanfar freisin Timpeallachtaí Foghlama Forásacha a mheas do mhúinteoireacht grúpa i gcoláistí agus in ionaid.	Déanfar é seo mar chuid dár straitéis eastáit mar atá leagtha amach i mír 2.1.5.	Tacar sonraí i bhfeidhm.	Straitéis eastáit agus sonraí gaolmhara á n-úsáid mar uirlis sa phróiseas cinnteoireachta.
2.1.13	Trealamh closamhairc ardchaighdeán i seomraí	Déanfar áiseanna a uasghrádú ag brath ar mhaoiniú.	Feabhas closamhairc san áireamh ar gach	Uasghráduithe de réir an mhaoinithe a leithdháiltear.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	ranga mar áis don fhoghlaím optamach.		tionscadal.	
2.1.16	Soláthar a dhéanamh do phointí luchtaithe leictrigh ag gach coláiste, ag gach ionad agus ag gach oifig.	Na tosaíochtaí a shaináithnítear a chur i gcrích chun na pointí luchtaithe atá ar fáil a shuiteáil agus a úsáid.	Pointí luchtaithe i bhfeidhm.	Pointí luchtaithe i bhfeidhm i gcúig shuíomh Breisoideachais agus Oiliúna le roghanna aitheanta ag suíomhanna eile.
2.1.17	Feabhas a chur ar chórais aerála ar fud gach Coláiste, ionad agus oifig.	Déanfar athbhreithniú ar chórais aerála mar chuid den chlár cothabhála reatha.	Athbhreithniú déanta ar roinnt suíomhanna.	Déanfar athbhreithniú ar chórais i sé shuíomh ar a laghad.
2.1.19	Obair i ndlúthchomhar le Comhairle Contae Loch Garman ar Ionad úrscothach Oideachais agus Oiliúna Allamuigh a fhorbairt ag Sliabh Fhothart agus ar an gclár gaolmhar gníomhaíochtaí sa láthair nua a fhorbairt.	Teach bád nua ag Sliabh Fhothart chun gníomhaíochtaí bunaithe ar uisce a sholáthar ag an suíomh nua.	Áis ag feidhmiú Cúrsaí sceidealta don suíomh ag Sliabh Fhothart.	Áis ag feidhmiú Cúrsaí faoi lánseol do Shamhradh 2026 ag Sliabh Fhothart.
2.1.21	Dul sa tóir ar dheiseanna do choláistí agus d'ionaid chun tacú leis an bpobal áitiúil trí úsáid a bhaint, lasmuigh d'uaireanta gnó, as foirgneamh agus áiseanna de chuid na gcoláistí.	Ag baint úsáide as an eolas a fuarthas i suirbhéanna le déanaí, déanfar iniúchadh ar na deiseanna a aithníodh i ngach suíomh agus úsáidfear iad chun acmhainneacht ár n-áiseanna a uasmhéadú.	Roinnt gníomhartha curtha i bhfeidhm ar bhonn céimneach.	Tionscnaimh a cuireadh i bhfeidhm go céimneach i gcúig scoil/ionad.
2.1.22	Dul go gníomhach sa tóir ar dheiseanna chun dul i dteagmháil leis an bpobal chun WWETB a chur chun cinn mar phátrún ar Phobalscoileanna Náisiúnta ar fud an réigiúin.	Freagróidh WWETB ar cheisteanna ó Phobalscoileanna Náisiúnta agus beidh teagmháil ann le pátrúin eile sa dá chontae. Táthar ag súil go bhfoilseofar torthaí suirbhé náisiúnta ar phátrúnacht scoile, a rinne an Roinn Oideachais agus Óige in 2025 in 2026 agus go rachaidh WWETB i dteagmháil le páirtithe leasmhara nuair a eiseofar torthaí an tsuirbhé.	Saináithneofar PTFanna nuair a bheidh an suirbhé curtha i gcrích.	Saináithneofar spriocanna nuair a bheidh an suirbhé curtha i gcrích.

2.2 Tosaíocht Straitéiseach: An Clár Oibre Glas

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhthásairí Feidhmíochta	Spriocanna
2.2.1	Coiste Campais Ghlais a bhunú ar fud na heagraíochta, rud lena n-áireofar mic léinn/foghlaimoirí agus daoine den phobal, agus é nasctha le struchtúir atá ann cheana i gColáistí agus in Ionaid.	Cuirfear coistí glasa i bhfeidhm ar fud ár scoileanna agus ár n-ionad go léir, i gcásanna ina bhfuil sé sin indéanta.	Líon na gcoistí a bunaíodh.	Cuireadh 10 gcoiste nua glas ar a laghad ar bun.
2.2.2	Páirt a ghlacadh i dtionscadail fionnachtana Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun réitigh inbhuanaithe a sholáthar agus chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lena n-áirítear grianphainéil a shuiteáil ar dhíon aon fhoirgneamh atá faoi úinéireacht WWETB agus ar dhíon aon fhoirgneamh a bhfuil léasanna fada orthu, mar aon le teaschaidéil a shuiteáil.	Trí thionscadal curtha i gcrích i scoileanna WWETB. • Bithmhais an Oirdheiscirt • Uasghrádú teasa • Uasghrádú ar fhabraic réigiúnach Suiteálacha grianphainéil le comhlánú ag trí shuíomh Breisoideachais agus Oiliúna. Le tuilleadh suíomhanna le haithint in 2026.	Tionscadail curtha i gcrích Tionscadail curtha i gcrích.	Cuireadh trí thionscadal i gcrích do scoileanna WWETB. Uasmhéadaigh na suíomhanna inar féidir cumhacht na gréine a shuiteáil.

2.3 Tosaíocht Straitéiseach: An Clár Cothabhála

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhthásairí Feidhmíochta	Spriocanna
--	----------------------------	------------------------------	-----------------------------	------------

2.3.1	Córas láraithe bainistíochta saoráidí agus struchtúr straitéiseach cothabhála a fhorbairt chun freastal ar gach coláiste agus ar gach ionad, agus iad a bheith faoi bhainistiú ag an bhfoireann Foirgneamh agus Saoráidí, ag obair di i ndlúthchomhar le feighlithe, le cúntóirí ginearálta agus le baill foirne tacaíochta eile atá freagrach as foirgnimh atá faoi úinéireacht ag WWETB nó atá léasaithe aige a chothabháil. Cothabháil choisctheach pleananna caighdeánacha a chur ar áireamh ansin.	Cur chuige struchtúrtha a chinntiú maidir le hinfreastruchtúr fisiciúil scoileanna, ionad oiliúna agus foirgneamh riaracháin a chothabháil agus a fheabhsú; forbairt ar chóras bainistíochta áiseanna le seachadadh. Cuimseofar sa tionscadal seo cothabháil phleanáilte, bainistíocht ar shócmhainní, comhlíonadh sláinte agus sábháilteachta, tionscnaimh inbhuanaitheachta agus pleanáil don fhreagairt i gcás éigeandála.	Measúnú déanta ar scóip an tionscadail agus tús curtha leis.	Plean tionscadail i bhfeidhm.
-------	--	--	---	--------------------------------------

Sprioc Straitéiseach 3: Cumarsáid agus Margaíocht

Faoi 2030, beidh cáil ar WWETB ar fud Phort Láirge agus Loch Garman as na cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthraímid do dhaoine de gach aois. Tá íomhá branda pearsanta agus tarraingteach againn atá inaitheanta go héasca agus gairmiúil. Tá sé éasca do mhic léinn/foghlaimeoirí fásta ionchasacha an t-eolas cruinn atá á lorg acu a aimsiú. Nuair a luafar Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, smaoineoidh daoine faoi cháilíocht, faoi roghanna, faoi phobal agus faoi dheiseanna a sholáthar dóibh siúd atá ag tosú amach nó atá ag déanamh tús nua. Déanaimid infheistíocht i margaíocht, agus beidh feabhas tagtha ar a infheicthe atá ár gcuid scoileanna agus Ionad Breisoideachais agus Oiliúna mar thoradh ar mhargaíocht spriocdhírithe agus mar thoradh ar ár dtairiscint a thaispeáint – foirgnimh nua-aimseartha agus oideachas sármhaith agus oiliúint shármhaith a soláthraíonn múinteoirí agus teagascóirí ar ardchaighdeán iad agus a dtacaíonn cuid mhór bainisteoirí agus ball foirne leo. Ag an gcroílár, samhlaítear WWETB le cáilíocht, roghanna, pobal agus deis dóibh siúd a thosaíonn amach nó a thosaíonn os a chionn.

Cén fáth? Tá sé tábhachtach branda láidir a fhorbairt do WWETB ar aon dul leis na hardaidhmeanna atá againn soláthar oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a threorú san Oirdheisceart.

3.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchlocha

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
3.1.2	Stór inneachair, grianghrafadóireachta agus scéalta a fhorbairt lena úsáid ar fud na heagraíochta.	Pleanáil chun acmhainn sheachtrach a fhostú trí fhíseán RFQ a bheith i bhfeidhm Feabhra 2026 chun cabhrú le banc físeán a chruthú.	Ceithre fhíseán ghairmiúla ar a laghad a chruthú in 2026.	Sraith físeán atá le cruthú a léiríonn an réimse leathan oideachais ar fud WWETB trí scéalaíocht.
3.1.3	Foireann uirlisí sócmhainní margaíochta breisithe a fhorbairt, lena n-áirítear fógraí agus teimpléid meán sóisialta.	Pleanáil chun gníomhaireacht seachtrach deartha grafaicí a fhostú chun seirbhísí dearaidh a chomhdhlúthú ar fud na heagraíochta agus sraith teimpléad a chruthú de réir threoirlínte an bhranda. Cumarsáid chun bainistiú a dhéanamh ar chruthú doiciméad agus sócmhainní deartha WWETB atá ann cheana.	Ionaid/cláir a bhíonn ag plé le gníomhaireacht chun comhsheasmhacht a chruthú maidir le brandaí agus dearáí inrochtana.	Tá sócmhainní deartha go lárnach á n-úsáid ag an bhfoireann dá bhfeachtais.
3.1.5	Suíomh gréasáin nua de chuid WWETB a sheoladh agus a chinntiú nach bhfuil aon amhras faoi úinéireacht an inneachair;	Suíomh gréasáin eagraíochtúil - is tionscadal leanúnach é taithí an úsáideora agus feabhsuithe nascleanúna. Suíomhanna gréasáin a chomhdhlúthú agus ábhar a iniúchadh.	Leathanaigh ghréasáin/fo-réimse nua d'Ionad Oiliúna WWETB agus do NZEB.	Leathanaigh ghréasáin/fo-réimse nua d'Ionad Oiliúna WWETB agus do NZEB.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	an t-inneall cuardaigh a optamú. (SEO).			
3.1.6	Straitéis meán sóisialta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear straitéis shoiléir forbartha inneachair.	Straitéis meán sóisialta WWETB a scaipeadh.	Úinéirí leathanach agus cruthaitheoirí ábhair a oiliúint.	Gach clár agus ionad a chuireann an straitéis i bhfeidhm ar a leathanaigh meán sóisialta.
3.1.7	Príomh-shárúsáideoirí (forbróirí cumarsáide agus inneachair) a bhunú san eagraíocht, agus oiliúint agus forbairt agus dreasachtaí le haghaidh caidreamh a dhéanamh leis sin a eagrú.	Modúl oiliúna saincheaptha le dearadh do pháirtithe leasmhara scoile. Dreasachtaí scóip chun ábhar feabhsaithe a spreagadh.	Oiliúint le tabhairt faoi roinnt post mar phríomhoide cúnta 1 nó 2 le freagracht as PR na scoile.	Ábhar tarraingteach feabhsaithe bunaithe ar oiliúint.
3.1.9	Infheistiú in acmhainn nua branda/margaíochta digití.	Raon feidhme na féidearthachta maidir le saineolas margaíochta digití seachtraí.	Raon feidhme na féidearthachta maidir le saineolas margaíochta digití seachtraí.	Raon feidhme na féidearthachta maidir le saineolas margaíochta digití seachtraí.
3.1.11	Clár margaíochta athbhreithnithe a fhorbairt le haghaidh gníomhaireachtaí chun sraith teachtaireachtaí a fhorbairt agus sainmhíniú soiléir a chruthú maidir le brandáil cúrsa/cláir BOO, comhbhrandáil agus brandáil institiúideach WWETB.	Oibriú le Bainisteoir Forbartha Gnó chun príomhtheachtaireachtaí a chruthú bunaithe ar phearsantachtaí/lucht féachana nó réimse foghlama seachas ar chlár.	Sraith de theachtaireachtaí tábhachtacha do gach persona nó réimse foghlama.	Sraith de theachtaireachtaí tábhachtacha do gach persona nó réimse foghlama.
3.1.12	Forbairt ar straitéis margaíochta digití, lena n-áirítear suíomhanna agus meáin chomhpháirtíochta.	An straitéis maidir leis na meáin dhigiteacha a scaipeadh orthu siúd atá freagrach as bainistiú a dhéanamh ar leathanaigh agus ar shuíomhanna ionaid nó cláir	Oibriú le cláir ar a leathanaigh ghréasáin.	Fócas ar leathanaigh <i>Google my business</i> agus leathanaigh ghréasáin suas chun dáta a chinntiú.

3.2 Tosaíocht Straitéiseach: Aird an Spriocphobail a Mhealladh

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
3.2.1	Forbairt feachtas nuálaíochta le haischlib, agus forbairt stór scéalta nuálaíochta agus cás-staidéir a aibhsíonn seo.	Scéal nuálaíochta a aithint agus oibriú leis an bhfoireann ábhartha ar phlean chun feachtas a chruthú.	Oibriú le foirne ábhartha chun scéalta nuálaíochta leasa an phobail a aithint in WWETB.	Plean feachtais d'fheachtas scéalta nuálaíochta amháin.
3.2.4	Ráiteas soiléir intinne a fhorbairt chun ról WWETB sa phobal, sna healaíona, in obair óige, sa cheol, sa spórt agus a thiomantas don fholláine a chur chun cinn.	Cumarsáid chun cur le cur chun cinn na gceantar seo trí fheachtais a phleanáil maidir leis an obair atá ar siúl ag WWETB sna réimsí seo a roinnt leis an bpobal.	Bíodh plean i bhfeidhm chun WWETB a chur chun cinn sna ceantair seo.	Plean don aos óg.
3.2.6	Sruth chumarsáide faoi leith a fhorbairt le haghaidh treoirchomhairleoirí agus cuireadh a thabhairt do threoirchomhairleoirí i scoileanna eile.	Bainfear úsáid as MS Teams Channel do scoileanna in 2026.	Glactar go maith le comhroinnt faisnéise cumarsáide.	Roinntear faisnéis i rith na bliana i.e. eolas treasach nó Iar-Ardeistiméireacht.

Sprioc Straitéiseach 4: Sláinte agus Folláine

Faoi mbliain 2030, beidh cáil ar WWETB as a bheith ina áit iontach chun obair agus chun foghlaim ann. A luaithe a rachaidh siad isteach i bpobal WWETB, braithfidh ár mbaill foirne go dtacaítear leo – tuigfidh a n-ionad nó a scoil cé atá iontu, beidh meas aige nó aici ar na láidreachtaí atá acu agus tacóidh sé nó sí leis na laigí atá acu. A luaithe a rachaidh siad isteach i bpobal WWETB, braithfidh ár mbaill foirne go dtacaítear leo – tuigfidh a n-ionad nó a scoil cé atá iontu, beidh meas aige nó aici ar na láidreachtaí atá acu agus tacóidh sé nó sí leis na laigí atá acu. Beidh Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú ina gcuid dhílis den eagraíocht anois.

Cén fáth? Is áit oibre ghnóthach éagsúil é WWETB agus tá sé de dhualgas air freastal ar a lán grúpaí geallsealbhóirí. Trí dhul i gcomhairle leo, is eol dúinn go bhfuil ár gcuid ball foirne agus mac léinn/foghlaimoirí aosacha ag iarraidh a bheith ina gcuid de phobal a thacaíonn le hindibhidiúlacht, a cheiliúránn éachtaí agus a thugann tacaíocht le linn amanna deacra. Éilíonn sé seo go mbeadh comhbhá agus faisnéis mhothúcháinach leabaithe inár n-eagraíocht. Ina theannta sin, tá a fhios againn go gcabhraíonn sláinte agus folláine na foirne go mór le teagasc agus foghlaim.

4.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchloch – Cultúr, Córais agus Nósanna Imeachta

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
4.1.1	Coiste Sláinte agus Folláine a bhunú in WWETB, le hionadaíocht ó mhic léinn/foghlaimoirí fásta agus ó bhaill foirne.	Seachtain Feasachta Sláinte agus Folláine le bheith ar siúl.	Gach ball foirne a bheith ar an eolas faoi Sheachtain Feasachta Sláinte agus Folláine agus cuireadh a ghlacadh.	Seachtain Feasachta Sláinte agus Folláine le bheith ar siúl.
4.1.2	An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe a chur chun cinn do gach ball foirne ar bhonn tráthrialta, agus a shoiléiriú go mbíonn an tseirbhís ar fáil dá dteaghlach freisin.	Cuirfear Clár Cúnaimh d'Fhostaithe chun cinn trí iliomad bealaí cumarsáide.	Gach ball foirne a bheith ar an eolas faoi Chúnamh d'Fhostaithe.	Cuirtear an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe chun cinn go rialta trí bhealaí éagsúla lena n-áirítear trí ríomhphost, nuachtlitir agus mol foirne.
4.1.3	Cultúr um fholláine ag an obair a chur chun cinn trí struchtúir rialachais atá ann cheana..	Cuirfear Sláinte agus Folláine chun cinn trí thionscnamh an Mhairc 'Bí Sláintiúil'. Leanúint ar aghaidh ag cur folláine chun cinn mar mhír bhuan ar an gclár oibre ar fud struchtúir rialachais atá ann cheana féin, e.g. an Fhoireann Ard bhainistíochta, an fhoireann Oibríochtaí, cruinnithe na Bainistíochta Breisoideachais agus Oiliúna agus cruinnithe le Príomhoidí.	Sláinte agus Folláine san áireamh mar mhír ar an gclár oibre ag cruinnithe.	Sláinte & Folláine san áireamh mar mhír ar an gclár oibre ag cruinnithe.
4.1.4	An marc 'Bí Sláintiúil' a chur i bhfeidhm i WWETB le tacaíocht ó	Cruinnithe deiridh le bheith ar siúl le IBEC tar éis an creidiúnú a dhaingniú.	Measúnú ar fholláine laistigh de thrí shuíomh	Tús curtha leis an Marc 'Bí Sláintiúil'.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	IBEC.		phíolótacha faoi na hocht gcolún.	
4.1.5	Beartais uile WWETB a bhaineann le Sláinte agus Folláine a uasdátú agus a scaipeadh.	Athbhreithniú ar aon bheartais Sláinte agus Folláine de réir mar is gá.	Polasaithe Sláinte agus Folláine nuashonraithe agus curtha ar fáil don fhoireann ar fad.	Tá baill foirne ar an eolas faoi gach polasaí Sláinte agus Folláine agus tá rochtain éasca acu orthu.
4.1.6	Cairt Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta a chur chun feidhme ar fud WWETB chun tacú le fórsa saothair éagsúil.	Feasacht foirne ar an bpolasaí um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (CÉI) tar éis a fhorbartha.	Feasacht na foirne ar an Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta.	Foireann ar an eolas faoin Straitéis Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta atá curtha i bhfeidhm.
4.1.7	Meicníocht a fhorbairt chun go n-aithneofar an obair a dhéanann an fhoireann ar fud gach réimse mar chuid den chultúr (e.g. duais Barrfeabhais sa tSeirbhís do Chustaiméirí), lena n-áirítear searmanas dámhachtainí bliantúla agus duaiseanna fadseirbhíse	Cuireadh Creat Dámhachtainí Aitheantais Luachanna WWETB i bhfeidhm go céimneach i mí na Bealtaine 2025 agus arís eile i mí na Nollag 2025. Tá dhá fhuinneog ainmniúcháin le bheith ann in 2026.	Buaiteoirí gradaim breise a roghnaíodh i mí na Bealtaine agus i mí na Nollag 2026.	Aithnítear cé chomh luachmhar is atá an fhoireann.
4.1.8	Leanúint le Cairt Custaiméirí WWETB a chur chun cinn, agus a chinntiú go scaipfear an Chairt ar gach ball foirne agus go dtuigfidh siad í.	Cuirfear chun cinn Cairt do Chustaiméirí WWETB ar fud WWETB le cur i bhfeidhm ag an bhfoireann go léir.	Feasacht ar an gCairt do Chustaiméirí ar fud WWETB.	Cairt do Chustaiméirí WWETB scaipthe ar fud WWETB.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
4.1.9	Tacú le hionduchtú, le tosú ag obair agus le foghlaim ó theagascóirí mar bhaill foirne páirtaimseartha trí WWETB agus na teagascóirí a chumhachtú agus a spreagadh go gníomhach chun gníomhú mar ambasadóirí do WWETB.	Tar éis tiontú an Teagascóra chuig Oideachasóir Aosach in 2025, léireofar faisnéis ar an mol foirne a bhaineann le beartais, lámhleabhar fostaithe, ionduchtú foirne, etc.	Príomhfaisnéis ar fáil ar an mol foirne.	Faisnéis a scaipeadh trí mhol foirne
4.1.10	Polasaí oibre chumaisc/chianoibre a chur i bhfeidhm ar fud WWETB.	Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas don obair chumaisc/chianoibair ar aon dul le cód nua an Choiste um Chaidreamh san Áit Oibre. Monatóireacht a dhéanamh ar aon athruithe breise ar chód an Choiste um Chaidreamh san Áit Oibre a d'fhéadfadh tarlú in 2026.	Polasaí oibre don chianoibair/obair chumaisc ag feidhmiú go héifeachtach ar fud WWETB.	Monatóireacht a dhéanamh ar aon athruithe ar chód an Choiste um Chaidreamh san Áit Oibre sa todhchaí.
4.1.11	Foghlaim agus forbairt ghairmiúil i maoirseacht agus i gceannaireacht a bheith á ngabháil de láimh ag gach bainisteoir.	Deiseanna oiliúna éagsúla Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil (FFG) a chur chun cinn go leanúnach. Tacaíocht leanúnach do bhainisteoirí chun freastal ar chomhdhála náisiúnta éagsúla ag cruthú deiseanna d'fhoghlaim chomhoibríoch agus do smaointe nua. Leanfar le polasaí foghlama agus forbartha gairmiúil a chur chun cinn.	Líon na mbainisteoirí atá ag gabháil do FFG.	Tacú le leibhéal bainistíochta ina bhforbairt ghairmiúil.
4.1.12	Iníúchadh comhshaoil ar gach saoráid ó thaobh sláinte agus folláine – criosanna saor ó thobac, athnuachan ceaintín, spásanna céadfacha, spásanna idirghníomhaíochta sóisialta, limistéir siúil, dathanna, solas nádúrtha agus aeráil.	Tar éis an tsuirbhé fhisiciúil ar fhoirgnimh a rinneadh in 2025, tá suirbhé le cur i bhfeidhm ar gach foirgneamh chun measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a mbainistítear spásanna den sórt sin.	Líon na n-aschur suirbhé do gach foirgneamh.	Sonraí a bhailiú maidir le húsáid spáis ó thaobh sláinte agus folláine de.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
4.1.13	Próiseas a fhorbairt le haghaidh agallaimh fágála a dhéanamh do bhaill foirne chun tacú le WWETB feabhas a chur ar an tacaíocht a thugann sé do bhaill foirne.	Leanúint ar aghaidh leis an gcleachtas is fearr maidir le hagallaimh scoir a dhéanamh do gach ball foirne a fhágann an eagraíocht in 2026 agus athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí d'aon fheabhsuithe féideartha is féidir a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach.	Roinnt agallamh éalaithe déanta agus athbhreithniú déanta orthu.	Agallaimh éalaithe a chur i bhfeidhm don fhoireann atá ag fágáil slán leis an eagraíocht.
4.1.14	Sonraí teagmhála inlín agus faisnéis 'Aithne ar an bhfoireann' do gach ball foirne a nuashonrú chun feacht a thógáil ar na foirne agus an struchtúr foirne i WWETB.	Tabharfar sonraí teagmhála foirne suas chun dáta ar an mol foirne.	Tabharfar sonraí teagmhála foirne suas chun dáta ar an mol foirne.	Sonraí teagmhála ar an mol foirne a nuashonrú.
4.1.15	Cláir ionductaithe a fhorbairt ar fud WWETB, lena n-áirítear tacaíocht shaincheaptha d'fhostaithe nua agus córas páirtíochta a fhorbairt.	Athbhreithniú agus cur chun feidhme an chlár ionductúcháin chorpáidigh. Baileofar aiseolas go rialta chun feabhas a chur ar an bpróiseas ionductúcháin, chun a chinntiú go mbeidh sé ábhartha agus éifeachtach agus é ag tacú le fhostaithe nua.	Clár ionductúcháin chorpáidigh a chur chun feidhme.	Clár ionductúcháin chorpáidigh i bhfeidhm d'fhostaithe nua a ndéantar athbhreithniú air go tréimhsiúil.
4.1.16	Iarracht ghníomhach a dhéanamh chun baill foirne a spreagadh chun páirt a ghlacadh i bhFoghlaim agus Forbairt Ghairmiúil chun tacú leo i réimsí ina bhfuil fás ag teastáil.	Deiseanna Foghlama agus Forbartha Gairmiúla (FFG) atá ar fáil don fhoireann a roinnt go leanúnach.	Méadú ar líon na mball foirne ag glacadh páirte san FFG.	Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bhfoireann.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
4.1.17	Beartas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine a chur chun feidhme ar fud WWETB, agus oiliúint a éascú do bhaill foirne.	Déanfar measúnú ar shaincheistean cearta daonna agus comhionannais. Déanfar beartais, pleananna agus gníomhartha a shainaithint chun dul i ngleic le riachtanais de réir dhualgas na hearnála poiblí maidir le comhionannas agus cearta daonna. Meitheal Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) ar fud na rannóga éagsúla atá le bunú chun na míreanna seo a chur chun cinn.	Meitheal IHREC i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar an tuarascáil.	Tuarascáil um chearta an duine agus comhionannas le moltaí.
4.1.18	Clár a fhorbairt chun cleachtais athmhachnamhacha agus cleachtais aisiríocha a chur chun feidhme ar fud gach réimse de WWETB.	Leanadh le seachadadh an chúrsa um chleachtas aisiríoch don fhoireann laistigh de WWETB. An chéad chúrsa eile sceidealta do mhí Feabhra 2026.	Foireann atá ag freastal ar an gcúrsa cleachtaidh aisiríoch.	Oiliúint a chur ar an bhfoireann maidir le cleachtas aisiríoch.
4.1.19	Clár réamhghníomhach a fhorbairt chun tacú le baill foirne atá ag obair i dtimpeallachtaí oibre gnóthacha.	Leanadh ar aghaidh ag díriú ar na colúin laistigh de thionscnamh an Mhairc 'Bí Sláintiúil', áit ar daingníodh creidiúnú in 2025.	Leanadh ar aghaidh ag díriú ar na colúin laistigh de Mharc 'Bí Sláintiúil'.	Dírigh ar cholúin an Mhairc 'Bí Sláintiúil' tar éis an creidiúnú a dhaingniú.
4.1.20	Tacú le baill foirne atá ag druidim le scor trí ghnáthsheimineáir phleanála scoir a eagrú, agus aitheantas a thabhairt dá rannchuidiú tábhachtach leis an eagraíocht trí shearmanas bliantúil scoir a óstáil do bhaill foirne atá ag dul ar scor.	Eagrófar seisiúin phleanála scoir go rialta agus cuirfear chun cinn iad. Eagrófar imeacht bliantúil scoir chun rannchuidiú ball foirne a aithint agus iad ag dul ar scor.	Seisiúin phleanála scoir a bheith eagraithe agus faisnéis a bheith comhroinnte le baill foirne. Imeacht bliantúil scoir a bheith pleanáilte.	Seisiúin phleanála scoir a bheith eagraithe agus imeacht scoir bhliantúil a bheith réachtáilte.
4.1.21	Féilire tionscnamh agus imeachtaí folláine a fhorbairt do bhaill foirne agus do mhic léinn/foghlaimoirí fásta.	Forbrófar féilire le haghaidh imeachtaí folláine agus foilseofar í ar an mol foirne.	Féilire le haghaidh imeachtaí agus tionscnaimh folláine eagraithe don fhoireann.	Féilire le haghaidh imeachtaí agus tionscnaimh folláine le forbairt agus le foilsiú ar an mol foirne.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
4.1.22	Lámhleabhar ionductúcháin/aip a fhorbairt do gach dalta/foghlaimoir fásta agus gach ball foirne nua.	Leanfar de lámhleabhar ionductúcháin d'fhostaithe a seoladh in 2025 a nuashonrú de réir mar is gá.	Lámhleabhar ar fáil do bhaill foirne nua.	Lámhleabhar suas chun dáta do bhaill foirne nua.
4.1.23	Straitéis a fhorbairt chun seirbhísí treorach a sholáthar do mhic léinn/foghlaimoirí ar fud WWETB.	Anailís a dhéanamh ar thorthaí ón suirbhé a cuireadh i bhfeidhm in 2025 agus a ionchorprú sa straitéis treorach.	Straitéis a chuimsíonn pointí aiseolais ón suirbhé.	Straitéis treorach a fhorbairt tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an tsuirbhé.
4.1.24	Riachtanais na mac léinn/na bhfoghlaimoirí a athbhreithniú maidir le tacaíocht gairmthreorach, agus plean a fhorbairt chun an tacaíocht, a shaincheapadh chun freastal ar riachtanais na mac léinn/na bhfoghlaimoirí aosacha, a chur in oiriúint.	Anailís a dhéanamh ar thorthaí ón suirbhé a cuireadh i bhfeidhm in 2025 agus a ionchorprú sa phlean gairmthreorach.	Straitéis a chuimsíonn pointí aiseolais ón suirbhé.	Plean treorach gairme a fhorbairt tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an tsuirbhé.
4.1.25	Obair i gcomhar le Giniúint Ceoil Loch Garman agus le Giniúint Ceoil Phort Láirge chun coláistí, ionaid agus clár a chumasú gabháil do chlár Ghiniúint Ceoil ar mhaithe lena mic léinn/lena bhfoghlaimoirí	Music Generation agus clár a chur chun cinn i scoileanna agus an clár a thabhairt isteach i réimsí chun tacú le hoideachas neamhfhoirmiúil, más tairbheach.	Rannpháirtíocht scoileanna agus ionaid le Music Generation Loch Garman agus Phort Láirge.	Music Generation ag feidhmiú i roinnt scoileanna agus ionaid WWETB.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
	aosacha.			
4.1.26	Obair i gcomhar le CLG Loch Garman chun Coláistí a chumasú páirt a ghlacadh sa Chlár 'Ag Dul go Maith' de chuid CLG ar mhaithe lenár gcuid mac léinn/foghlaimoirí aosacha.	Leanfar leis an gcomhpháirtíocht le CLG Loch Garman chun tacú le gach ceann de na hocht n-iar-bhunscoil maidir le rannpháirteachas daltaí, dul chun cinn agus feidhmíocht sa spórt ar aon dul leis an gComhaontú Seirbhíse.	Scoileanna ag glacadh páirte sa tionscnamh seo agus tacaíocht á thabhairt do dhaltaí.	Beidh roinnt tacaíochta ar fáil do gach scoil i WWETB ón gCLG.
4.1.27	Páirt a bheith á glacadh ag gach coláiste i dtionscnamh na Brataí Ómraí chun feasacht a thógáil ar an leibhéal áitiúil ar an tábhacht a bhaineann le tacú le folláine mheabhrach i measc mac léinn/foghlaimoirí.	Ionaid/coláistí Breisoideachais agus Oiliúna chun páirt a ghlacadh i dtionscnamh na Brataí Ómra.	Líon na gcoláistí rannpháirteacha	Méadú ar líon na scoileanna rannpháirteacha.
4.1.28	Díriú ar ár gcuid mac léinn/foghlaimoirí fásta mar chomhpháirtithe – meicníochtaí aiseolais ar fud na heagraíochta agus comhairliúchán struchtúrtha a fhorbairt.	Suirbhé ar chúrsaí dearbhairthe cáilíochta a rolladh amach d'fhoghlaimoirí. Leanúint ar aghaidh le teagmháil a dhéanamh le hAontas, an Fóram Náisiúnta Foghlaimoirí. Grúpa Comhairleach um Míchumas Mac Léinn a bhunú. Comhairle Foghlaimoirí WWETB a bhuanú.	Meicníochtaí aiseolais i bhfeidhm.	Aiseolas ó fhoghlaimoirí/scoláirí a ghabháil.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
4.1.29	Cur chuige uile-eagraíochta i leith searmanais bhronnta gradam bliantúla agus gnóthachtáil sóisialaithe mac léinn/foghlaimeoirí fásta.	Cad a tharlaíonn faoi láthair ar fud na gclár agus na scoileanna éagsúla Breisoideachais agus Oiliúna maidir lena searmanais bhronnta bhliantúla agus athbhreithniú ar aon athruithe beartaithe.	Scoileanna agus cláir Bhreisoideachais agus Oiliúna atá clúdaithe ag an athbhreithniú.	An t-athbhreithniú a chur i gcrích agus athruithe beartaithe a mholadh.
4.1.31	Cláir folláine a fhorbairt a chuimsíonn sóisialú, aireachas, folláine, tógáil foirne, gníomhaíochtaí seach-churaclaim, sláinte agus folláine ar an láthair, agus sochaí do mhic léinn/foghlaimeoirí fásta ar fud na gcoláistí agus na n-ionad uile. Tacú le coláistí agus ionaid chun an clár a chur i bhfeidhm go háitiúil.	Comhordóidh agus treoróidh an comhordaitheoir Sláinte agus Folláine nuacheaptha laistigh den aonad Tacaíochta Foghlaimeoirí roinnt tionscnamh sláinte agus folláine do na foghlaimeoirí.	Roinnt tionscnamh curtha i bhfeidhm ar bhonn céimneach, agus tionchar dearfach ag na tionscnaimh sin ar fhoghlaimeoirí.	Tá acmhainní tiomnaithe i bhfeidhm chun an mhír ghníomhaíochta seo a spreagadh.
4.1.32	Blaschúrsaí á dtairiscint chun cabhrú le foghlaimeoirí fásta dul i mbun oideachais arís.	Pacáiste a chruthú ar féidir le hionaid é a úsáid chun cabhrú le cúrsaí a chur ar bun agus luach blaschúrsaí a réachtáil a chur chun cinn.	Pacáiste curtha i gcrích.	Pacáiste a chur le chéile le úsáid ag ionaid.

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
4.1.33	Dul ag lorg comhpháirtíochtaí chun tacú le straitéis Sláinte agus Sábhailteachta WWETB. Áirítear leis seo dul i gcomhar leis na tionscnaimh Contae Sláintiúil de chuid Chomhairle Contae Loch Garman agus Chomhairle Contae agus Cathrach Phort Láirge.	Naisc bhreise le Comhairle Contae Loch Garman agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge chun ligean dúinn ár Straitéis Sláinte agus Folláine a sheachadadh.	Naisc le Comhairle Contae Loch Garman agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge.	Deiseanna comhpháirtíochta a lorg.

4.2 Tosaíocht Straitéiseach: Freagra – Tacaíochtaí agus Conair Bhreise

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
4.2.2	Struchtúr a fhorbairt le haghaidh conairí soiléire sainithe chuig tacaíochtaí mothúchána, síceolaíocha agus síciteiripe do mhic léinn/foghlaimeoirí fásta nuair is gá.	Lean ar aghaidh le tacaíocht Spectrum Life in 2026 agus infheistíocht Garchabhrach Meabhairshláinte ar mhaithe lenár bhfoghlaimeoirí/mic léinn.	Líon na bhfoghlaimeoirí/mac léinn a bhaineann leas as tacaíochtaí meabhairshláinte. Líon na mball foirne atá oile i nGarchabhrach Meabhairshláinte.	Tacaíocht mheabhairshláinte a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí/do mhic léinn trí mhodhanna seachtracha agus inmheánacha.

Sprioc Straitéiseach 5: Gníomhú ar son na hAeráide agus na hInbhuanaitheachta

Faoi mbliain 2030, beidh cáil ar WWETB as an gcultúr aeráide atá ar bun ann. Beidh athrú iompraíochta spreagtha againn ar fud ár scoileanna agus ár saoráidí breisoideachais agus oiliúna. Beidh an inbhuanaitheacht leabaithe sa dóigh a dteagascaimid, sna nithe a theagascaimid agus sa dóigh a ndéanaimid cumarsáid leis an mórfhobal. Táimid inbhuanaithe maidir leis an méid a mhúinimid agus leis an gcaoi a múinimid é. Beidh bród orainn as ár n-éachtaí agus beidh bród orainn iad a chomhroinnt le daoine eile. Tabharfaidh ár mbaill foirne aird ar shrianta aeráide agus comhshaoil mar ghnáthchuid den saol. Spreagfar iad le linn a gcuid oibre, agus ambasadóirí ar fud ár gcuid scoileanna, ionad agus oifigí ag comhoibriú lena chéile chun tuilleadh gníomhartha a spreagadh. Tomhaisfimid cad a dhéanaimid. Déanfaimid é sin trí na nithe seo a leanas a bheith againn: ambasadóirí atá lonnaithe ar fud ár saoráidí; baill foirne a oibríonn go lánaimseartha ar na tionscadail; grúpa stiúrtha atá freagrach as an obair a chomhordú; agus buiséad lena dtacaítear leis an obair.

Cén fáth? Tá fianaise ann ar gach taobh dinn ar an ngá atá ann le cónaí agus le hobair ar shlí inbhuanaithe. Is gá dúinn an méid sin a dhéanamh mar ábhar práinne, agus bíonn an phráinn ag méadú i gcónaí. Tá an reachtaíocht á hathrú chun iompraíocht mhíchuí a phionósú agus, ar fud an domhain, bíonn an argóint mhorálta ar son scriosadh córas nádúrtha a stad ag éirí níos láidre i gcónaí. Níl de rogha againn ach gníomhú. Anois, níos mó ná riamh, is mian le daoine dul i mbun oibre i réimsí ina dtugtar tús áite don chomhshaoil. Táimid ag déileáil le géarchéim fuinnimh faoi láthair. Cé gur féidir gur géarchéim ghearrthéarmach í an ghéarchéim sin, léiríonn sí dúinn an riosca méadaithe a bhaineann lena bheith spleách ar bhreoslaí iontaise. Oibrímid le daoine ó chuid mhór cúlraí difriúla, agus is gá dúinn cabhrú le daoine nach bhfuil chomh saibhir céanna roghanna saoil inbhuanaithe a thuiscint agus rochtain a fháil orthu. Mar gheall ar an ngné sin den cheartas aeráide, ní mór dúinn smaoineamh faoi conas is féidir linn cabhrú le daoine billí a laghdú chomh maith leis an mbrú ar an gcomhshaoil a mhaolú. Mar chuid lárnach den chlár oideachais, is féidir díriú ar laghdú a dhéanamh ar an tomhaltachas agus ar an bhfionn rudaí a cheannach. Is eol dúinn gur féidir linn freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna agus, i bhfianaise na ngéarchéimeanna fuinnimh reatha, tá deis ann anois difríocht bhuan a dhéanamh.

Beidh poist na todhchaí dírithe ar stíleanna maireachtála inbhuanaithe a chruthú agus a chumasú – idir chruthaitheacht agus innealtóireacht. Dá bhrí sin, ní mór dúinn cabhrú lenár gcuid mac léinn/foghlaimoirí aosacha na poist sin a rochtain trí iad a ullmhú dóibh trí na cúrsaí a sholáthraímid agus tríd an dóigh a dteagascaimid.

5.1 Tosaíocht Straitéiseach: Bunchlocha/Struchtúr

	Gníomhartha Straitéiseacha	Gníomhartha don bhliain 2026	Príomhtháscairí Feidhmíochta	Spriocanna
5.1.1	Struchtúr cuí a fhorbairt le haghaidh chur chun feidhme na straitéise um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht – mar atá, an Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, agus ionadaíocht ann ó ghrúpa mac léinn/foghlaimoirí aosacha, ó bhaill foirne agus ó shaineolaithe seachtracha. Coistí Glasa áitiúla a fhorbairt i ngach coláiste, i ngach ionad agus i ngach oifig. Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le grúpaí pobail chun tacú leis an gclár oibre straitéiseach.	Tacú le hoibre an Ghrúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht, agus grúpaí oibre gaolmhara. Féachaint le comhpháirtíochtaí nua a chruthú chun tacú le clár oibre straitéiseach WWETB i réimse an ghnímh ar son na haeráide agus na hinbhuanaitheachta. Coistí glasa nua a fhorbairt agus coistí glasa atá ann cheana a leathnú i gcoláistí, ionaid agus oifigí.	Cruinnithe reáchtáilte go rialta agus gníomhartha ag eascairt astu. Clár oibre curtha i bhfeidhm.	Cruinnithe an ghrúpa stiúrtha á reáchtáil ar bhonn rialta in 2026. Clár oibre curtha i bhfeidhm.
5.1.3	Oiliúint don Ghrúpa Stiúrtha, do Choistí Glasa, do Bhainisteoirí, d'feighlithe agus do bhaill foirne cothabhála – struchtúr bainistíochta tionscadal agus clár i leith cuspóirí a bhaint amach ar fud gach tosaíochta straitéisí.	Soláthrófar cláir oiliúna ar bhonn leanúnach do chatagóirí foirne, bunaithe ar riachtanais na ngrúpaí aonair.	Líon na ndaoine curtha faoi oiliúint.	Clár oiliúna i bhfeidhm.
